# Leanúntas Tacaíochta

# le haghaidh Iar-bhunscoileanna

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

National Educational Psychological Service

**Réamhrá** 1

**Caibidil 1 Tús Eolais ar an Leanúntas** 3

1.1 Foramharc ar an Leanúntas 4

1.1.2 An Leanúntas 4

1.1.3 Doiciméid tacaíochta 6

1.1.4 Comhthéacs na n-iarbhunscoileanna 6

1.2 Réasúnaíocht agus Príomhphrionsabail 7

1.2.1 Freagairt ar idirghabháil agus cleachtas bunaithe ar fhianaise 7

1.3 Cuntas Achomair ar an Leanúntas 8

1.4 Cén Leibhéal Tacaíochta? 9

1.4.1 Riachtanais aitheanta doiciméadaithe 9

1.4.2 Riachtanais atá ag teacht chun cinn 10

1.4.3 Riachtanais speisialta oideachais a thuiscint 10

1.5 Róil agus Freagrachtaí 11

1.6 Ról Síceolaithe NEPS 12

**Caibidil 2 Tacaíocht do CHÁCH** 15

2.1 Cineálacha Cur Chuige Scoile Uile 16

2.1.1 Timpeallachtaí foghlama dearfacha a chruthú 17

2.1.2 Dea-chleachtas i modhanna teagaisc 17

2.1.3 Ionchais shoiléire a cheapadh agus a mhúineadh 19

2.1.4 Córais chun daltaí a athneartú agus monatóireacht a dhéanamh orthu 19

2.1.5 Foirne tacaíochta do dhaltaí 20

2.1.6 Éisteacht le guth an dalta 21

2.2 Daltaí is Údar Imní a Aithint 21

2.2.1 Daltaí chéad bhliana a scagadh 22

2.2.2 Eolas faoin aistriú go dtí an iar-bhunscoil 23

2.2.3 Bailiú eolais ar fud na scoile uile 23

2.3 Tacú le Daltaí mar chuid de Thacaíocht do CHÁCH 24

2.3.1 An creat ar mhaithe le réiteach 24

2.3.2 An creat ar mhaithe le réiteach ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH 25

2.3.3 Tacaíocht do CHÁCH: Cás-staidéar 26

2.3.4 An creat ar mhaithe le réiteach – Tacaíocht do CHÁCH 29

**Caibidil 3 Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe) 31**

3.1 An Creat ar Mhaithe le Réiteach ar leibhéal Thacaíocht Scoile 32

3.1.1 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú 33

3.1.2 Pleanáil agus idirghabháil 34

3.1.3 Monatóireacht agus athbhreithniú 34

3.2 Tacaíocht Scoile: Cás-Staidéar – Daniel (Riachtanais Aitheanta) 35

3.2.1 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú 35

Athbhreithniú ar an Aistriú go dtí an Iar-bhunscoil: Sampla 36

3.2.2 Pleanáil agus idirghabháil 40

3.2.3 Monatóireacht agus athbhreithniú 40

Plean Tacaíochta Samplach - Daniel 41

3.3 Tacaíocht Scoile: Cás-Staidéar – Jane (Riachtanais atá ag teacht chun cinn) 42

3.3.1 Tacaíocht do CHÁCH: Athbhreithniú ar phróisis 42

3.3.2 Údair imní a aithint agus eolas a bhailiú 43

3.3.3 Pleanáil agus idirghabháil 44

Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama: Sampla 45

3.3.4 Monatóireacht agus athbhreithniú 46

Taifead de Chruinniú den Fhoireann Tacaíochta: Sampla 47
Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta Fhoireann Chúraim: Sampla 48
3.3.5 An creat ar mhaithe le réiteach - Tacaíocht Scoile 48

**Caibidil 4 Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí) 51**

4.1 Tacaíocht Scoile Móide: Foramharc 52
4.1.1 Údair imní a aithint agus eolas a bhailiú 52
4.1.2 Pleanáil agus idirghabháil 53
4.1.3 Monatóireacht agus athbhreithniú 54

4.2 Tacaíocht Scoile Móide: Cás-Staidéar - Aoife (riachtanais aitheanta) 55
4.2.1 Tús Eolais ar Aoife 55
Seicliosta Bailithe Eolais: Sampla 56
Sampla: Plean Oideachais Aonair (IEP) le haghaidh Aoife 58

4.3 Tacaíocht do Líon Beag: Cás-Staidéar - Seán (riachtanais atá ag teacht chun cinn) 61
4.3.1 Achoimre ar an stair thacaíochta 61
4.3.2 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú 62
Suirbhé ar Mhúinteoirí Ábhair: Sampla 63
Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil: Sampla 64
4.3.3 Pleanáil agus idirghabháil 66
4.3.4 Monatóireacht agus athbhreithniú 66
Plean Dea-Iompraíochta IEP: Sampla 67
Leathanach Spriocanna an Dalta: Sampla 68
Cruinniú Athbhreithnithe IEP: Sampla 69
4.3.5 An creat ar mhaithe le réiteach – Tacaíocht Scoile Móide 70

**Conclúid 71**
**Gluais 72**
**Leabharliosta 73**

# RÉAMHRÁ



I Meán Fómhair 2007 scaip NEPS Special Educational Needs – Continuum of Support Guidlines for Teachers and Resource Pack ar na bunscoileanna ar fad. Treoirlínte agus Beart Acmhainní ab ea iad a dearadh chun cabhrú le múinteoirí i mbunscoileanna príomhshrutha riachtanais a aithint agus idirghabhálacha a chomhlíonfadh na riachtanais sin a cheapadh agus a mheas. Cuireadh fáilte mhór roimh na treoirlínte agus tuairiscíonn múinteoirí gur cabhair iad chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Aithnímid gur mór idir na slite a n-eagraítear an teagasc agus na hacmhainní i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Cheapamar na Treoirlínte agus an Beart Acmhainní seo, mar sin, chun díriú go sonrach ar riachtanais uathúla na n-iar-bhunscoileanna. Tá iarracht déanta againn tacú le múinteoirí atá ag tabhairt aghaidhe ar riachtanais foghlama, iompraíochta, shóisialta agus mhothúchánacha de réir mar a léirítear iad ar leanúntas ó riachtanais éadroma go riachtanais dhiana agus ó riachtanais shealadacha go riachtanais leanúnacha.

Ceapadh na Treoirlínte mar chomhlánú ar na Inclusion of Students with Special Educational Needs, Post Primary Guidelines (ROS, 2007) agus lena n-úsáid i gcomhar leis na Treoirlínte ar an bPróiseas um Plean Oideachais Aonair (NCSE, 2006) agus le Ag Obair le chéile chun Difríocht a dhéanamh do Leanaí - Múnla Seorbhíse NEPS (2008).

Táim buíoch den uile dhuine a rannchuidigh le ceapadh na dtreoirlínte seo trí aiseolas cuiditheach a thairiscint. Ina measc siúd bhí múinteoirí, Cigireacht na Roinne, Cumann Múinteoirí Éireann, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, agus baill foirne ó na coláistí oiliúna.

Is mian liom buíochas a ghabháil ach go háirithe le baill NEPS a chabhraigh chun na treoirlínte agus na hábhair thacaíochta seo a chur i dtoll a chéile. Táim muiníneach go mbeidh siad ina gcabhair phraiticiúil do mhúinteoirí agus iad ag díriú ar riachtanais daoine óga sna hiar-bhunscoileanna.

Maureen Costello
Stiúrthóir

# CAIBIDIL 1

## Tús Eolais ar an Leanúntas ar Leibhéal Iar-Bhunscoile

## 1.1 An Leanúntas: Foramharc

Is é fócas na dtreoirlínte an tslí ar féidir le hiar-bhunscoileanna gach dalta a chuimsiú i bpróisis foghlama agus forbartha. Cuimsíonn an leanúntas tacaíochta creat grádaithe ar mhaithe le réiteach i dtaca le measúnú agus idirghabháil i scoileanna, ina bhfuil trí phróiseas scoilbhunaithe ar leith a choimrítear thíos:

Próiseas is ea **Tacaíocht do CHÁCH** atá bunaithe ar chosc, ar theagasc éifeachtach phríomhshrutha agus ar aithint luath. Cuirtear na córais sin ar fáil do **gach** dalta agus comhlíonann siad go héifeachtach riachtanais fhormhór na ndaltaí.

Próiseas measúnaithe agus idirghabhála is ea **Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)** a dhíríonn ar dhaltaí **áirithe**, nó ar ghrúpaí daltaí a dteastaíonn ionchur breise uathu.


Is é a shamhlaítear le **Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)** tacaíochtaí níos déine ar bhonn aonraic. Is do dhaltaí a bhfuil riachtanais chasta/agus nó leanúnacha cu an leibhéal idirghabhála seo agus **is beag** dalta i ndáiríre a mbeidh an tacaíocht sin de dhíth orthu.

Tógann an chomhairle agus na teimpléid a chuirtear ar fáil anseo ar dhea-chleachtas atá i réim cheana féin ar fud na tíre. Moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint astu faoi mar atá siad nó iad a chur in oiriúint dá gcásanna féin.

Réimsí í seo atá i mbéal forbartha agus tá NEPS lándáiríre faoi fheabhsú leanúnach a dhéanamh ar dhea-chleachtas i dtaca le riachtanais gach dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici a chomhlíonadh agus tacú le pobail scoile. Ba mhór againn aiseolas a fháil uait, mar aon le moltaí d'fhorbairtí breise.

### 1.1.2 An Leanúntas

Is é an bonn eolais faoin tsamhail mheasúnachta agus idirghabhála a choimrítear anseo ná an t-aitheantas gur féidir riachtanais speisialta oideachais a shuí feadh **leanúntas,** ó riachanais éadroma go riachtanais throma agus ó riachtanais ghearrthéarmacha go riachtanais fhadtéarmacha. Mar sin cuirtear ár bhfreagairt ar riachtanais daltaí ar fáil i bhfoirm leanúntais, ó chur chuige de chineál scoile uile agus coiscthigh go cineálacha cur chuige aonair agus speisialtóra.


Tacaíocht
Scoile Móide
(do líon daltaí)
Aonair
Tacaíocht Scoile
(do dhaltaí airithe)
Aonair agus / nó Grúpa Cineácha Cur Chuige
Tacaíocht do CHÁCH
Cur chuige Scoile Uile / Tacaíocht Ranga / Tacaíocht Ábhair

### 1.1.3 Doiciméid tacaíochta

Tógann an doiciméad seo ar dhea-chleachtas atá i réim cheana féin i mbunscoileanna na hÉireann arna thacú ag:

- The Staged Approach to Assessment, Identification and Programme Planning (Department of Education and Science (DES) Special Education Circular 02/05)
- Special Educational Needs, Continuum of Support (primary) NEPS, 2007

Ba cheart a nótáil gur dhírigh Leanúntas Tacaíochta Bunscoile NEPS ar dheacrachtaí foghlama, agus go ndearna doiciméad eile cúram de dheacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta. Ach clúdaíonn an doiciméad iar-bhunscoile seo an dá ghné sin in éineacht.

Ba cheart na treoirlínte seo a léamh in éineacht le foilseacháin eile:

- Inclusion of Students with Special Educational Needs, Post-Primary Guidelines (DES, 2007)
- Guidelines on the Individual Education Plan Process (National Council for Special Education (NCSE, 2006)
- NEPS Model of Service and the staged approach to assessment and intervention
- Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools (National Education and Welfare Board (NEWB, 2008)

Dírítear sa leanúntas tacaíochta seo riachtanais gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear ar an leanúntas daltaí a dtiocfadh a gcuid riachtanas faoi chuimsiú Acht EPSEN (Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2005). Tá na nósanna imeachta a choimrítear anseo comhoiriúnach le hionchais EPSEN.

Lena chois sin, gabhann **Beart Acmhainní Leanúntais** téagartha, ina bhfaighfear teimpléid agus treoir, leis an doiciméad Leanúntais seo. Déantar tagairt ar fud an téacs d'ábhair atá ar fáil sa Bheart Acmhainní.

### 1.1.4 Comhthéacs na n-iar-bhunscoileanna

Aithnítear anseo gur mór idir comhthéacs na n-iar-bhunscoileanna agus comhthéacs na mbunscoileanna. Go háirithe gabhann dúshláin agus deiseanna ar leith le timpeallacht ina bhféadfadh múinteoir aonair idirghníomhaíocht a bheith aici/aige le 250 dalta sa tseachtain agus ina bhféadfadh dalta ceachtanna a fháil ó idir 9 agus 11 múinteoir sa tseachtain. Is gnách iar-bhunscoileanna a bheith níos mó agus níos casta ná bunscoileanna, ó thaobh eagar agus struchtúr fisiceach de. Gabhann dúshláin ar leith lena leithéid de thimpeallacht chasta do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon.

## 1.2 Réasúnaíocht agus Príomhphrionsabail

Bunaíodh an Leanúntas Tacaíochta ar leibhéal iar-bhunscoile ar na prionsabail seo a leanas:

- **Foghlaim éifeachtach do chách**
- **Cur chuige coiscthеach, luath-idirghabhála**
- **Creat comhairleach comhoibritheach ar mhaithe le réiteach**
- **Fócas ar thosca córasacha - idir theagascach agus chomhshaoil**
- **Idirghabhálacha tráthúla agus éifeachtacha dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu**

### 1.2.1 Freagairt ar shamhail idirghabhála agus ar chleachtas bunaithe ar fhianaise

Ar leibhéal scoile uile, teastóidh ó scoileanna Thacaíocht do CHÁCH cur chuige a ghlacadh a thabharfadh an deis ratha is fearr is féidir do na daltaí ar fad. Dá réir sin, is í an tSamhail um Fhreagairt ar Idirghabháil a mholtar anseo. Is iad comhpháirteanna na freagartha sin:

- Teagasc agus idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise a sholáthar mar chuid den oideachas ginearálta
- Monatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí mar fhreagairt ar an teagasc agus ar na hidirghabhálacha
- Úsáid a bhaint as na tomhais seo ar dhul chun cinn daltaí chun teagasc a mhúnlú agus cinntí oideachais a dhéanamh

Leagtar béim sa chur chuige seo ar an ngá atá le teagasc agus tacaíocht iompraíochta ar ardchaighdeán agus bunaithe ar fhianaise a thairiscint do na daltaí ar fad, laistigh de ranganna príomhshrutha.

Eilimint ríthábhachtach de sin ná scagadh a bheith á dhéanamh sa scoil uile ar ghnóthachtáil, ar chumas agus ar iompraíocht, le gur féidir daltaí a dteastódh monatóireacht nó idirghabháil uathu a aithint. An smaoineamh atá laistiar de sin ná go ndéanfadh an scoil idirghabháil luath agus ar an leibhéal is lú ó thaobh cur isteach de chun freagairt do riachtanais, seachas fanacht go bhfeicfidh siad cé na daltaí a bhfuil ag teip orthu.

Cuirtear leibhéil bhreise tacaíochta ar fáil ina dhiaidh sin, arís i bhfoirm idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise. Ar gach leibhéal tomhaistear dul chun cinn an dalta le tomhais oibiachtúla féachaint cad é freagairt an dalta ar an idirghabháil. Moltar sa tsamhail seo na tuismitheoirí a bheith bainteach go gníomhach leis an bpróiseas agus cur chuige comhoibritheach a bheith ag foireann na scoile.

Tá ceaptha go gcuimseoidh an tsamhail tacaíochta seo raon leathan riachtanas dalta, lena n-áirítear riachtanais speisialta oideachais, riachtanais daltaí a bhaineann le mionlach eitneach nó a labhraíonn teanga mionlaigh, riachtanais daltaí a bhfuil oidhreacht Taistealaí acu, daltaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus daltaí sárchumais.

Trí eilimint atá sa chur chuige sin:

- **Scagadh scoile uile**
- **Monatóireacht ar dhul chun cinn daltaí**
- **Idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise**

## 1.3 Cuntas Achomair ar an Leanúntas

Gheofar thíos achoimre ar an leanúntas tacaíochta. Déanfar cur síos níos iomláine ar na cineálacha difriúla tacaíochta sna caibidlí seo a leanas, agus tabharfar samplaí praiticiúla den chóras atá i réim sna scoileanna.

### Tacaíocht do Chách

Idirghabháil réamhghníomhach atá ceaptha ar leibhéal na scoile uile. Cuirtear ar fáil é do na daltaí ar fad agus ba cheart go gcomhlíonfadh an idirghabháil seo riachtanais idir 80% agus 90% de dhaltaí na scoile. Féachann sé le dea-iompraíocht agus dea-fhoghlaim a chur ar aghaidh do chách.

Cuid dhílis den leibhéal tacaíochta seo is ea scagadh éifeachtach a dhéanamh ar na daltaí ar fad féachaint cad iad na riachtanais foghlama agus iompraíochta ionas go n-aithneofar go luath daltaí a d'fhéadfadh a bheith 'i mbaol'.

### Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)

Ceaptar idirghabháil ar an leibhéal seo do na daltaí sin (idir 10-20% de ghnáth de dhaonra scoile) nach n-oireann na straitéisí scoile uile dóibh agus a dteastaíonn breis tacaíochta uathu. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla cur chuige agus idirghabhála a bheith i gceist anseo, cuid acu sa ghearrthéarma, cuid eile san fhadtéarma. Seo roinnt féidearthachtaí:

- Próiseas comhairliúcháin agus idirghabhála phleanáilte
- Pleananna agus idirghabhála grúpa agus /nó aonair
- Spriocanna ábhair
- Socruithe chun tacú le foghlaim agus le hidirghníomhaíocht shóisialta

### Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)

Bíonn deacrachtaí suntasacha ag na daltaí seo (idir 2-5% de dhaonra scoile) agus d'fhéadfadh dian-idirghabháil aonair a bheith de dhíth orthu. Ar na cineálacha idirghabhála ag an gcéim seo bheadh

- Pleananna Oideachais Aonair (pleananna iompraíochta ina measc)
- Ionchur ó ghairmithe breise, ar nós síceolaí / teiripeoir urlabhra agus teanga, srl.
- Idirghabhálacha speisialtóra

## 1.4 Cén Leibhéal Tacaíochta?



Déantar cur síos sa chuid seo ar conas is féidir le scoileanna cinneadh a dhéanamh cibé an dteastaíonn Tacaíocht Scoile nó Tacaíocht Scoile Móide i gcás dalta aonair. Beidh Tacaíocht do CHÁCH, ar ndóigh, ar fáil do na daltaí ar fad, agus ba cheart go mba leor é d'fhormhór na ndaltaí. Ba cheart féachaint ar an Leanúntas mar threoir sholúbtha, ar féidir le scoileanna é a chur in oiriúint dá gcomhthéacs féin.

Déantar idirdhealú sa doiciméad seo idir **riachtanais aitheanta doiciméadaithe** agus **riachtanais atá ag teacht chun cinn**.

I gcás fhormhór na ndaltaí in iar-bhunscoileanna a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, aithníodh na deacrachtaí sin sa bhunscoil agus tá cuntas scríofa orthu. I gcás grúpa beag daltaí, d'fhéadfadh riachtanais teacht chun cinn san iar-bhunscoil, de thoradh gortú a tharla dóibh, b'fhéidir, nó a chasta atá timpeallacht na hiar-bhunscoile, athruithe ar chúinsí baile out nó bheith mar dhalta ó thír iasachta ag dul isteach i scoil in Éirinn.

Tá sé tábhachtach comhar a bheith ann idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun gur féidir daltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol le linn an aistrithe a aithint, ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh orthu agus aon riachtanas a thiocfadh chun cinn a aithint.

### 1.4.1 Riachtanais aitheanta doiciméadaithe

I dtaca le riachtanais aitheanta doiciméadaithe, d'fhéadfadh an struchtúr seo a leanas a bheith ina chabhair agus an leibhéal tacaíochta is gá á chinneadh:

**Eolas ar dhul isteach san iar-bhunscoil**

Agus cinneadh á dhéanamh faoin leibhéal tacaíochta is dócha a bheidh de dhíth ar dhalta ar **dhul isteach san iar-bhunscoil dó nó di,** ní mór na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

- **An bhfuair an dalta seo tacaíocht fad a bhí sé/sí sa bhunscoil, agus má fuair, cén leibhéal tacaíochta a fuarthas?**

Is gnách do scoileanna leanúint den leibhéal tacaíochta a bhí ar fáil sa bhunscoil, ach amháin má tá fianaise ann gur leibhéal míchuí é sin anois.

Uaireanta d'fhéadfadh dalta a bhí ag fáil Tacaíocht Scoile nó tacaíocht foghlama sa bhunscoil filleadh ar leibhéal Tacaíocht do CHÁCH san iar-bhunscoil toisc dul chun cinn suntasach a bheith déanta. Ar an tslí chéanna, d'fhéadfadh Tacaíocht Scoile Móide a bheith de dhíth ar dhalta san iar-bhunscoil, cé nach raibh aige nó aici ach Tacaíocht Scoile nó tacaíocht foghlama sa bhunscoil, mar gheall ar a chasta atá an t-oideachas iar-bhunscoile, b'fhéidir.

Cabhair a bheidh ann d'iar-bhunscoileanna sa phróiseas seo féachaint ar an Athbhreithniú ar an Aistriú go dtí an Iar-bhunscoil (**féach Caibidil 3 agus an Beart Acmhainní, lch 24**).

- **Conas ar éirigh leis an dalta seo sa scagadh do dhaltaí nua?**

Bíonn trialacha cumais agus gnóthachtála ag mórchuid iar-bhunscoileanna chun daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu a aithint. D'fhéadfadh an t-eolas sin a bheith ina chabhair chun an leibhéal cuí tacaíochta a shocrú do dhalta atá ag teacht isteach sa scoil. Féach Caibidil 2.

- **Ar chuir tuismitheoirí nó gníomhaireachtaí eile deacrachtaí in iúl don scoil?**

Uaireanta gheobhaidh an iar-bhunscoil scéala ó thuismitheoirí nó ó ghníomhaireachtaí eile (FSS, rannóg oibre shóisialta nó seirbhísí Múinteoirí Cuartaíochta) go bhféadfadh deacracht a bheith ag dalta. Cabhair a bheidh san eolas sin chun cinneadh a dheánamh cibé an dteastóidh tacaíocht ón dalta, agus an cineál tacaíochta a bheadh i gceist.

### 1.4.2 Riachtanais atá ag teacht chun cinn

Daltaí a dtagann riachtanais speisialta chun cinn i gcaitheamh a gcuid ama san iar-bhunscoil, dhéanfaí freastal ar a gcuid riachtanais de réir an Leanúntais, ag díriú ar an gcéad dul síos ar Thacaíocht do CHÁCH. Chabhródh an próiseas ina ndéantar riachtanais a aithint, eolas a bhailíú agus idirghabhálacha a phleanáil agus a athbhreithniú chun daltaí a bhfuil riachtanais ar leibhéal níos airde acu a aithint. Bheadh tacaíocht bhreise de dhíth ar na daltaí sin. Ar an tslí chéanna, aithneofar daltaí a mbeadh Tacaíocht Scoile Móide de dhíth orthu sna próisis atá i gceist i dTacaíocht Scoile. Mar sin d'fhéadfadh daltaí a bhfuil riachtanais acu atá ag teacht chun cinn leas a bhaint as na cineálacha éagsúla tacaíochta, ceann i ndiaidh a chéile, más gá. Ar ndóigh freastalóidh Tacaíocht Scoile go sásúil ar riachtanais mórchuid daltaí agus ní bheidh gá acu le Tacaíocht Scoile Móide ach tá daltaí eile ann a bhainfeadh leas as Tacaíocht Scoile ar feadh tréimhse agus a d'fhillfeadh ar Thacaíocht do CHÁCH ina dhiaidh sin.

Ach i gcásanna eile bheadh gá le tús áite a thabhairt do dhalta toisc riachtanais a tháinig chun cinn go tapa agus a dteastódh dianleibhéal tacaíochta maidir leo. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach dalta atá ag fáil Tacaíocht Scoile agus a ghortaítear i dtimpiste tráchta a aistriú díreach isteach i dTacaíocht Scoile Móide. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh an cineál diantacaíochta a thairgtear le Tacaíocht Scoile Móide a bheith de dhíth ar dhalta a léiríonn deacrachtaí móra sóisialta, mothúchánacha agus/nó iompraíochta laistigh de thréimhse ghearr ama.

### 1.4.3 Riachtanais speisialta oideachais (SEN) a thuiscint

D'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu in iar-bhunscoileanna. Le fás an chuimsithe, tagann daltaí isteach sna hiar-bhunscoileanna príomhshrutha anois agus nearta, riachtanais agus cumais éagsúla acu. Moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint as Signposts, beart acmhainní do mhúinteoirí ón tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS), ina dtugtar cuntas ar chineálacha éagsúla riachtanais, mar aon le moltaí faoi conas foghlaim agus teagasc a fheabhsú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Gheofar é ag www.sess.ie

## 1.5 Ról agus Freagrachtaí

Ní cuntas uileghabhálach é ar na slite a d'fhéadfadh scoileanna tacaíocht a eagrú do dhaltaí. Féadfaidh eagar agus struchtúir a bheith an-difriúil ó scoil go chéile, ag brath ar mhéid na scoile, ar na daltaí agus ar thaithí agus saineolas na mball foirne. Mar sin tairgtear na moltaí seo a leanas mar threoir a d'fhéadfaí a oiriúnú de réir mar is gá. Gheofar breis eolais mar gheall ar róil agus freagrachtaí foirne i dTreoirlínte na Roinne, Cuimsiú do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (Caibidil 3).

| | Múinteoirí Ábhair | Múinteoirí Speisialtóra (tacaíocht foghlama/ acmhainne/ teanga (EAL*)/ treoirchomhairleoirí/ HSCL*/ teagascóirí/ cinn bhliana) | Bainistíocht Scoile |
|---|---|---|---|
| **Tacaíocht do Chách** | Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a dhifreáil<br>Timpeallacht dhearfach a chruthú sa seomra ranga, lena n-áirítear aiseolas dearfach agus cuiditheach<br>Dul chun cinn a mheasúnú agus monatóireacht a dhéanamh air<br>Deiseanna ratha a chruthú do dhaltaí<br>Údair imní a chur in iúl do chomhghleacaithe<br>Dul i gcomhar le múinteoirí speisialtóra | Sonraí ó scagadh scoile uile a bhailiú agus a anailísiú, lena n-áirítear scagadh ar dhaltaí nua, eolas ar an aistriú, taifid tinrimh agus iompraíochta<br>Dul i gcomhar le múinteoirí ábhair | Ceannaireacht a thaispeáint ó thaobh beartas ábhartha scoile uile a cheapadh i dtaca le clárú/measúnú/cuimsiú<br>Bainistíocht straitéiseach ar chur i bhfeidhm beartas agus cleachtas<br>Tacaíocht straitéiseach d'idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise |
| **Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)** | **Na cinn a liostaítear thuas móide**<br>Rannchuidiú le pleanáil agus athbhreithniú grúpa nó aonair<br>Straitéisí aontaithe a chur i bhfeidhm<br>Dul chun cinn agus údair imní a chur in iúl don mhúinteoir comhordaithe | **Na cinn a liostaítear thuas móide**<br>Tástáil dhiagnóiseach<br>Teagmháil le tuismitheoirí<br>Eolas a bhailiú ó mhúinteoirí ábhair / ó bhaill foirne eile<br>Idirghabháil aonair agus /nó ghrúpa a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú<br>Comhairle a lorg ó ghairmithe seachtracha, más gá<br>Glacadh le tascanna an mhúinteora chomhordaithigh, más gá. | **Na cinn a liostaítear thuas móide**<br>Róil agus freagrachtaí a shannadh<br>Taifead a choimeád doibh siúd a fhaigheann an leibhéal seo tacaíochta |
| **Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)** | **Na cinn a liostaítear thuas móide**<br>Eolas a ullmhú do chruinnithe pleanála IEP<br>Cláir agus straitéisí aonair agus speisialtóra a chur i bhfeidhm<br>Obair SNAnna a threorú sa seomra ranga | **Na cinn a liostaítear thuas móide**<br>Freagairtí speisialtóra agus aonair a phleanáil, a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a athbhreithniú<br>Obair SNAnna a threorú sa scoil | **Na cinn a liostaítear thuas móide**<br>Géilleadh do na riachtanais reachtúla ar theacht i bhfeidhm EPSEN* |

*EAL- An Béarla mar Theanga Bhreise *SNA - Cúntóir Riachtanas Speisialta *HSCL – Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail
*EPSEN - An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004

## 1.6 Ról Síceolaithe NEPS

Tá modh oibre NEPS leagtha amach sa bhróisiúr dar teideal NEPS Model of Service. I gcoitinne, dhá phríomhshnáithe atá le hobair NEPS: cásobair (mar chuid de phróiseas comhairliúcháin) agus obair thacaíochta agus forbartha. Slí amháin ina mbaineann síceolaithe feidhm as an Leanúntas Tacaíochta ar leibhéal na hiar-bhunscoile ná trí phróiseas comhairliúcháin.

Ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH féadfaidh scoileanna dul i gcomhairle le síceolaí NEPS mar gheall ar mhodhanna oiriúnacha chun daltaí atá i mbaol a aithint nó d'fhéadfaí tacaíocht a lorg chun breis forbartha a dhéanamh ar bheartais scoile uile ar nós cur chuige dearfach i leith na hiompraíochta nó ionchur a thabhairt don fhoireann ar fad i dtaobh difreáil éifeachtach sa rang.

Ar leibhéal Thacaíocht Scoile (tacaíocht do dhaltaí **áirithe**) d'fhéadfadh an síceolaí dul i gcomhairle leis an bhfoireann mar gheall ar dhaltaí aonair nó grúpaí daltaí, agus obair dhíreach a dhéanamh leis an dalta, a múinteoirí nó a mhúinteoirí, agus a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí.

Ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide (tacaíocht do **líon beag** daltaí) d'fhéadfadh idirghabhálacha speisialtóra a bheith i gceist leis an gcomhairliú agus d'fhéadfadh an síceolaí a bheith bainteach le measúnú aonair agus le hidirghabháil leis an dalta.


Príomhthasc is ea é do shíceolaithe cabhrú le scoileanna a gcumas chun freagairt do riachtanais daltaí a mhéadú. Oibrímid le pobail scoile chun feasacht, eolas agus scileanna a fhorbairt iontu. D'fhéadfadh an síceolaí cabhrú le scoil a gcuid beartas agus gnáthaimh scoile uile a fhorbairt, oiliúint oiriúnach inseirbhíse a sholáthar, cabhrú le múinteoirí chun idirghabhálacha obair ghrúpa a fhorbairt agus/nó dul i mbun gníomhaíochtaí taighde le scoileanna. Mar shampla, d'fhéadfadh síceolaí NEPS bheith ag tacú le múinteoirí chun grúpaí scileanna sóisialta a eagrú ina scoil, nó ag cabhrú le scoil chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá cur chuige nua i leith na léitheoireachta.



Sa doiciméad seo aibhsítear ról shíceolaí NEPS i ranna áirithe, le siombail eochrach.

Féachann samhail an Leanúntais le rath acadúil, inniúlacht shóisialta agus folláine mhothúchánach a chur ar aghaidh. Féach an léaráid achomair thall.

Rath Acadúil ⟷ Inniúlacht shóisialta, mhothúchánach & iompraíochta



# CAIBIDIL 2

## Tacaíocht do CHÁCH

## Tús eolais

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar struchtúr Thacaíocht do CHÁCH. Dírítear anseo ar chineálacha cur chuige scoile uile i leith dea-chleachtas a fhorbairt chun riachtanais gach dalta a chomhlíonadh. Gheofar eolas ann chomh maith ar conas na daltaí sin a d'fhéadfadh a bheith ina n-údair imní a aithint trí scagadh agus bailiú eolais, go háirithe i gcás daltaí chéad bhliana. Cuirtear an creat ar mhaithe le réiteach i láthair mar shlí chun freagairt do riachtanais agus cuirtear cás-staidéar i láthair mar léiriú air.

## 2.1 Cineálacha Cur Chuige Scoile Uile

Tá riachtanais ag gach dalta, lena n-áirítear muintearas, an gá atá cumarsáid a dhéanamh agus aird a fháil ó dhaoine eile agus an gá atá le meas agus a bhrath go bhfuil fiúntas leo. Cuid lárnach de mheabhairshláinte an dalta a chosaint is ea na riachtanais sin a chomhlíonadh. Comhlíontar na riachtanais sin sa seomra ranga agus laistigh d'éiteas agus de chultúr na scoile araon. Cabhair is ea é, dá réir, a bheith feasach ar cé mar a léiríonn cultúr, éiteas agus timpeallacht foghlama na scoile don dalta go bhfuil meas air nó uirthi agus fiúntas leis nó léi. Ach fís a bheith i bpáirt ag an fhoireann ar fad agus comhfhreagracht a ghlacadh as an leanúntas tacaíochta a chur i bhfeidhm is amhlaidh is fearr an toradh don dalta. Mar an gcéanna, téann sé chun leasa daltaí foghlaim mar gheall ar a bhfreagrachtaí féin. Is féidir le daltaí a bheith bainteach le próisis scoile ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, is féidir dul i gcomhairle leo mar gheall ar rialacha ranga, nó Comhairle Daltaí a bheith ann chun a gcuid tuairimí a fháil.

Rannchuidiú i leith cur chuige chomhtháite, trédhearcach, comhroinnte a bheith ann i leith gach dalta is ea beartais scoile uile maidir le riachtanais speisialta a aithint, déileáil le bulaíocht, tinreamh, bainistíocht iompraíochta agus rollú. Lena chois sin, tá sé tugtha faoi deara ag scoileanna a bhfuil beartais acu i dtaca le scileanna staidéir, forbairt na smaointeoireachta, scileanna ar mhaithe le réiteach agus scileanna litearthachta, go gcuidíonn na beartais sin le foghlaim agus gur fearrde na torthaí acadúla. Mar shampla, ach Beartas Cuimsitheach Scoile a chruthú, ar féidir é a chur i bhfeidhm i gcoitinne, comhlíonfar riachtanais mórchuid daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Féachann Tacaíocht do CHÁCH le foghlaim agus iompraíocht dhearfach daltaí a chur chun cinn agus a thacú. Eilimintí riachtanach den chur chuige seo is ea:

- **Timpeallachtaí foghlama dearfacha a chruthú**
- **Dea-chleachtas teagaisc, ina gcuirtear deiseanna foghlama éagsúla ar fáil**
- **Ionchais shoiléire iompraíochta agus foghlama a cheapadh agus a mhúineadh do na daltaí**
- **Córas a bheith ann chun daltaí a athneartú agus monatóireacht a dhéanamh orthu**
- **Foireann tacaíochta do dhaltaí**
- **Éisteacht le guth an dalta**

**2.1.1 Timpeallacht foghlama dearfacha a chruthú**
Bíonn múinteoirí de shíor ag déanamh athruithe sa seomra ranga ag iarraidh na torthaí foghlama is fearr is féidir a chinntiú do dhaltaí. Déantar éagsúlú ar áiteanna suí, ar ghníomhaíochtaí agus ar threoracha maidir le tascanna. Cuireann siad eagar an tseomra ranga, stíleanna teagaisc agus stíleanna foghlama san áireamh. Uaireanta, níor mhiste do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar ghnéithe den timpeallacht foghlama nár mhór a athrú chun feabhas a chur ar fhoghlaim an dalta. Is maith seicliosta struchtúrtha a úsáid chuige sin; tugann sé rogha chuimsitheach don mhúinteoir agus cabhraíonn leis nó léi machnamh a dhéanamh ar an méid atá sé nó sí ag iarraidh a bhaint amach Chuige sin, cuirtear Seicliosta Thimpeallacht Foghlama ar fáil sa **Bheart Acmhainní (lch 6)**.

Is iomaí modh agus straitéis teagaisc a bhíonn ag múinteoirí chun eispéiris éagsúla foghlama a chur ar fáil do dhaltaí. I measc na gcinn is tábhachtaí tá foghlaim ó ghníomhaíocht, teagasc ilchéadfach agus measúnuithe praiticiúla. Ról oilte dúshlánach is ea an múineadh iar-bhunscoile agus baineann an doiciméad seo leas as an dea-chleachtas atá i réim cheana féin in iar-bhunscoileanna Éireannacha.

Táispeáintear go comhleanúnach sa taighde gur fearr a fhoghlaimíonn ógánaigh i dtimpeallacht shábháilte ina misnítear iad le ceisteanna a chur, foghlaim óna gcuid botún agus taithí a fháil ar a bheith rathúil.

**Slite inar féidir le gach múinteoir iar-bhunscoile timpeallacht dhearfach scoile a chothú agus meabhairshláinte dhearfach a chur ar aghaidh**

- Cabhrú le daltaí braistint muintearais a bheith acu, a bhrath go bhfuil ceangal acu leis an scoil, agus go bhfuil fáilte rompu inti.
- Féintreorú a chothú agus cabhrú le daltaí braistint úinéireachta a bheith acu.
- Stíleanna agus inniúlachtaí foghlama an dalta a aithint agus a athneartú
- Na straitéisí atá ag dalta chun déileáil le deacrachtaí a aithint/a fhorbairt.

(Féach, leis an treoir mhionsonraithe sa **Bheart Acmhainní (lch 22),** Treoracha i leith Timpeallacht Dhearfach Scoile a Sholáthar do Dhaltaí)

**2.1.2 Dea-chleachtas teagaisc, ina gcuirtear deiseanna foghlama éagsúla ar fáil**
Seo a leanas samplaí dea-chleachtais:

- Difreáil
- Curaclaim oiriúnacha
- Stíl mhachnamhach a bheith ag múinteoirí
- Múinteoirí a bheith ag obair i gcomhar laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de
- Foghlaim chomhoibritheach & piartheagasc
- Measúnú bunaithe ar an gcuraclam & measúnú chun foghlama

Ó thaobh an churaclaim de, tá tábhacht ar leith le difreáil agus le curaclaim oiriúnacha a bheith ar fáil. Lena chois sin, is féidir le heagar an teagaisc agus modhanna comhoibritheacha teagaisc agus measúnú chun foghlama a bheith ar fáil tionchar dearfach a imirt ar fhoghlaim agus ar iompraíocht.

**Difreáil**

Ciallaíonn difreáil sa chomhthéacs seo freagairt do riachtanais daltaí aonair i suíomh grúpa. Chuige sin ní mór straitéisí agus cur chuige teagaisc agus ionchais an mhúinteora a mheaitseáil leis an raon taithí, cumas, riachtanas agus stíleanna foghlama. Slí thábhachtach is ea an difreáil ina dtaispeánann an múinteoir go bhfuil meas aici nó aige ar gach dalta. Is féidir freagairt do riachtanais fhormhór na ndaltaí i rang príomhshrutha tríd an gcur chuige teagaisc a dhifreáil..

Seo slite ina ndifreáiltear an teagasc:

- Tascanna difriúla a thabhairt do ghrúpaí difriúla
- Tacaíocht nó treoir bhreise a thabhairt do dhaltaí áirithe
- Obair níos leithne i bhfoirm tascanna níos sofaisticiúla a thabhairt do dhaltaí áirithe
- Ceisteanna a chur in oiriúint do leibhéal cumais an dalta

Gheofar eolas breise ar dhifreáil ó:

- Roinn I de Threoirlínte na Comhairle Náisiúnta Measúnachta agus Curaclaim do Mhúinteoirí Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu www.ncca.ie/cuimsiú
- Inclusion of Students with Special Educational Needs, Post-Primary Guidelines (DES, 2007) Roinn 3.5.1
- DVD na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) chun tacú le difreáil.
- Daltaí Sárchumasacha: Dréacht-Treoirlínte do Mhúinteoirí. www.ncca.ie/inclusion

**Curaclaim oiriúnacha**

Beidh tionchar ag na roghanna curaclaim atá ar fáil do dhalta ar cé mar a éireoidh leis an dalta sin sa scoil. Cuir i gcás, scoileanna ar féidir leo an Teastas Sóisearach – Clár Scoile (TSCS) a thairiscint do dhaltaí, d'fhéadfadh sé bheith ina churaclam oiriúnach do mhórchuid daltaí a bhfuil riachtanais foghlama agus iompraíochta acu, nó ag daltaí nach é an Béarla a gcéad teanga, agus nach mbeadh breis tacaíochtaí de dhíth orthu. Ach ceapadh TSCS go sonrach do dhaltaí a d'fhéadfadh an scoil a fhágáil agus iad ró-óg agus mar sin ba cheart do scoileanna a bheith cúramach agus daltaí á roghnú acu don chlár seo. I gcásanna ina mbíonn siad ar fáil, is féidir le TSCS, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Clár na hIdirbhliana deiseanna éagsúla agus solúbtha a chur ar fáil do dhaltaí áirithe. Ach níl sé i gceist a rá anseo go bhfreagródh na cláir sin do riachtanais foghlama/iompraíochta gach dalta. Is léir gur gá meaitseáil chúramach a dhéanamh idir riachtanais aonair an dalta agus na cláir a chuirtear ar fáil.

**Eagar an teagaisc**

Tá fianaise iontaofa ann nach chun leasa iompraíocht agus foghlaim daltaí é grúpaí ranga a bheith roinnte ar bhonn cumais. Fuair an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) nach dtéann sruthú den chineál sin chun leasa daltaí, ach gurb amhlaidh go gcothaíonn sé dearcadh diúltach iontu i leith na scoile. Fuarthas gur bhraith daltaí sna sruthanna ba lú cumais nár leor luas an teagaisc agus nach raibh dúshlán á chur fúthu. Fuarthas gurb é an teagasc ilchumais agus ilábhair ab fhearr ó thaobh iompraíocht agus foghlaim daltaí. (Féach NCCA, 2007)

**Teagasc comhoibritheach (tacaíocht ranga)**
Deirtear i dTreoirlínte na Roinne ar Chuimsiú (2007) '*Ba cheart féachaint i gcónaí an féidir riachtanais an dalta a chomhlíonadh laistigh den seomra ranga príomhshrutha sula ndéantar aon chinneadh é nó í a thógáil amach as an rang' (The possibility of addressing the student's needs within the mainstream classroom should be fully explored before any withdrawal is decided on)* (lch 55). Moltar triail a bhaint as teagasc comhoibritheach, mar a n-oibríonn beirt mhúinteoirí nó níos mó as lámha a chéile le grúpa ranga chun riachtanais grúpa éagsúil daltaí a chomhlíonadh. Gheofar treoir bhreise ar theagasc comhoibritheach i dTreoirlínte na Roinne 2007 (lgh. 106-107).

**Measúnú chun foghlama**
Meastar gur fearr na leibhéil ghnóthachtála agus an dearcadh i leith na foghlama leis an gcur chuige seo. Múinteoirí a ghlacann an cur chuige seo oibríonn siad as lámha a chéile le daltaí chun rún foghlama gach ceachta a aithint agus cabhrú leis an bhfoghlaimeoir an méid a bheidh le foghlaim agus an fáth leis a thuiscint. D'fhéadfadh daltaí agus múinteoirí na critéir ratha a phlé, rud a chabhraíonn le daltaí a ndul chun cinn féin a thuiscint. Tugann measúnú chun foghlama aiseolas don fhoghlaimeoir ar dhul chun cinn agus moltaí chun feabhais, i bhfoirm ráiteas in ionad marcanna ar a iarrachtaí nó a hiarrachtaí. Gheofar breis eolas ag www.ncca.ie

**2.1.3 Ionchais shoiléire iompraíochta agus foghlama a cheapadh agus a mhúineadh**
Taispeánann an taighde gur éifeachtaí na hionchais iompraíochta agus foghlama (.i. beartais agus rialacha) nuair a dhéantar iad a shainiú agus a chur in iúl go soiléir agus iad a mhúineadh. Agus na hionchais sin á múineadh, níor mhiste smaoineamh ar na nithe seo a leanas:

- Ba cheart ionchais ghinearálta a mhúineadh le samplaí nithiúla den iompraíocht agus den fhoghlaim a bhfuiltear ag súil leo
- Na focail agus na gníomhaíochtaí a mhúineadh sa suíomh ina dtarlóidh an iompraíocht agus an fhoghlaim

Sampla de chreat ónar feidir ionchais dea-iompraíochta agus dea-fhoghlaim a mhúineadh is ea rialacha scoile agus ranga. Cabhraíonn sé chun neamhspleáchas agus freagracht phearsanta a chothú rialacha ranga a mhúineadh. Seo thíos samplaí de rialacha ranga. Gheofar samplaí agus eolas eile sa **Bheart Acmhainní (lch 21).**

**Samplaí de rialacha ranga:**

1. Bí in am, bí i mbun oibre, bí ullamh
2. Léirigh meas ort féin, ar dhaltaí eile agus ar mhaoin
3. Iompair tú féin go cuí i gcónaí

**2.1.4 Córais chun daltaí a athneartú agus monatóireacht a dhéanamh orthu**
**Duaiseanna agus pionóis**
Is fearr córais duaiseanna nuair a bhíonn duaiseanna ó bhéal, siombalacha agus/nó inbhraite ar áireamh iontu. Moltar sa taighde cóimheas de cheithre athneartú dearfach ar dhea-iompraíocht in aghaidh gach ceartú d'iompraíocht.

mhíchuí. I bhfocail eile, ba cheart do mhúinteoirí daltaí a mholadh a cheithre oiread níos minice ná mar a cheartaítear iad. Ach córas éifeachtach a bheith ceaptha:

- Ba cheart níos mó dea-iompraíochta a bheith ann
- Ba cheart aird daltaí agus múinteoirí a bheith dírithe ar dhea-iompraíocht
- Ba cheart timpeallacht dhearfach foghlama a bheith ann
- Ba cheart am níos lú a chaitheamh ar ghnáthaimh araíonachta

D'fhéadfadh scoileanna smaoineamh ar an úsáid a bhaineann siad as duaiseanna chun dea-iompraíocht a chur ar aghaidh (ó thaobh scileanna foghlama agus scileanna idirphearsanta araon) D'fhéadfaí duaiseanna ar nós 'Dalta na Seachtaine' a úsáid mar aon le duaiseanna deireadh téarma agus deireadh bliana. Díríonn duaiseanna deireadh bliana ar ghnóthachtáil acadúil agus spóirt de ghnáth, ach tá sé faighte amach ag scoileanna gur mór is fiú duaiseanna a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a léiríonn éiteas na scoile agus ar chineálacha gnóthachtála eile neamhthraidisiúnta.

In éineacht le córas chun ionchais a athneartú go dearfach ní mór córas a bheith ann, leis, chun déileáil le hiompraíocht neamhinghlactha. Moltar beartas pionóis a cheapadh a mbeadh na haidhmeanna seo a leanas leis:

- Bheith oiriúnach do riachtanais aonair
- Bheith cothrom, comhsheasmhach agus discréideach
- Bheith oiriúnach don iompraíocht
- Bheith pras ó thaobh freagartha

D'fhéadfadh sé gurbh fhiú do scoileanna an doiciméad seo a leanas a cheadú: ***Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools*** arna fhoilsiú ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, 2008.

**2.1.5 Foirne tacaíochta do dhaltaí**

Tá sé faighte amach ag mórchuid iar-bhunscoileanna gur mór is fiú foireann tacaíochta a bhunú mar bheart coisctheach nó beart idirghabhála luath, go háirithe i gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha, iompraíochta nó meabhairshláinte acu, nó a bhféadfadh ceist cosanta leanaí a bheith ann maidir leo. Is iomaí dalta a bhfuil riachtanais foghlama acu i dteannta na riachtanas sin. Bíonn struchtúir agus téarmaíocht éagsúla ag scoileanna eagsúla, mar shampla foireann chúram tréadach, nó struchtúr de Theagascóirí agus Cinn Bhliana. Teastóidh ceannaireacht ó bhainistíocht shinsearach na scoile chun foireann éifeachtach tacaíochta a bhunú.

Ní mór féachaint ar fhoireann tacaíochta mar mhír ar leithligh ó na próisis araíonachta. Seo na buntáistí a ghabhann leo:

- is féidir eolas a chomhroinneann faoi rún iontu
- soláthraíonn siad fóram chun gur féidir le phríomhbhaill foirne údair imní a chomhroinnt agus réiteach a phlé
- is fusa freagairt do dhaltaí ar shlí chomhordaithe trí fhoireann tacaíochta
- is féidir le foireann tacaíochta monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhaltaí aonair

Is minic a oibríonn Foirne Tacaíochta ar leibhéal Thacaíocht Scoile nó Tacaíocht Scoile Móide ach d'fhéadfaí leas a bhaint astú, leis, chun freagairtí córasacha a cheapadh ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH.

Moltar anseo go dtiocfadh Foireann Tacaíochta le chéile uair sa tseachtain ar a laghad agus croíghrúpa ball a bheith ann, a chomhlánófaí le múinteoirí leasmhara eile, de réir mar is gá. Moltar na daoine seo a leanas a bheith sa chroíghrúpa: an príomhoide agus/nó an leas-phríomhoide, an treoirchomhairleoir, ball den fhoireann riachtanas speisialta, séiplíneach na scoile, múinteoir HSCL agus baill foirne eile nó baill sheachtracha ar cuireadh, de réir mar is gá. Is gnách daltaí a atreorú chuig an bhFoireann Tacaíochta nuair a bhíonn údar imní suntasach ann mar gheall orthu nach ceist araíonachta é go bunúsach (cé go bhféadfadh deacrachtaí iompraíochta bheith mar chuid de). D'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair prótacal a bheith ann mar gheall ar eolas a phléifeadh an Fhoireann Tacaíochta a bheith faoi rún.

D'fhéadfaí an seicliosta seo a leanas a úsáid agus dalta á atreorú:

- An gnáthiompraíocht í seo don dalta seo?
- An bhfuil pátrún iompraíochta ann?
- Cén t-eolas eile a bheadh uaim chun breithiúnas a thabhairt?
- Cé a chabhródh liom an t-eolas sin a bhailiú?
- An féidir fanacht ar an eolas sin?
- An bhfuil an dalta i mbaol?
- Conas a d'fhéadfainn gaol níos fearr a chothú leis an dalta seo anois díreach?
- Cé ar cheart dom labhairt leo?

Léirítear i gcás-staidéar Jane i gCaibidil 3 an tslí le foireann tacaíochta a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

### 2.1.6 Éisteacht le guth an dalta

Slí eile chun riachtanais daltaí éagsúla a chomhlíonadh is ea páirt níos gníomhaí a thabhairt do dhaltaí ina n-oideachas féin. Tá slite éagsúla chun é sin a dhéanamh, ón gcineál measúnaithe a úsáidtear go dtí cineálacha cur chuige i leith na foghlama (féach thuas) agus rannpháirtíocht i gcomhairle daltaí. Tá slite níos córasaí ann, leis, chun tuairimí daltaí a chur san áireamh. Tá taighde déanta ag an ESRI ar thuairimí daltaí in imeacht trí bliana in iar-bhunscoileanna, agus moltar do lucht bainistíochta scoileanna na tuairimí sin a léamh.

## 2.2 Daltaí is Údar Imní a Aithint

Féachann an roinn seo ar na córais atá i bhfeidhm chun daltaí a bhféadfadh riachtanais bhreise a bheith acu a aithint. Clúdaíonn na próisis sin córais éagsúla:

- **Daltaí chéad bhliana a scagadh chun nearta agus riachtanais a aithint**
- **Eolas cothrom le dáta a bhailiú ó bhunscoileanna**
- **Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí (ar fud an aoisraoin)**


**2.2.1 Daltaí chéad bhliana a scagadh chun nearta agus riachtanais a aithint**
Tá córais éifeachtacha ag mórchuid iar-bhunscoileanna cheana féin chun daltaí a bheadh ag teacht isteach sa scoil a scagadh. D'fhéadfadh feidhmeanna éagsúla a bheith ag na córais scagtha seo, lena n-áirítear daltaí a chur i ngrúpaí (chun grúpaí ilchumais nó suíomh grúpa de réir cumais a chinntiú), pleanáil le haghaidh soláthair, daltaí a bhféadfadh deacracht foghlama a bheith acu a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu in imeacht ama.

*Ní mór a athrá anseo nach ceadmhach eolas ó scagadh a úsáid chun cinneadh a dhéanamh cibé an gclárófar dalta i scoil ar leith. Go háirithe, sáraíonn leithcheal in aghaidh dalta ar na forais go bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici forálacha an Achta um Stádas Comhionann (2000).*

Cé nach bhformhuiníonn NEPS ná an Roinn aon triail ar leith, aibhsíonn an t-eolas a chuirtear ar fáil sa **Bheart Acmhainní (alt 3, lgh 40-50)** trialacha a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair d'iar-bhunscoileanna ar mian leo scagthástáil agus tástáil dhiagnóiseach a dhéanamh.

**Conas ciall a bhaint as torthaí trialacha**
Níor cheart toradh aon trialach ar leith a bhreithniú ina aonar agus ba cheart torthaí trialach a bhreithniú i gcónaí in éineacht le heolas eile: eolas ó thuismitheoirí, eolas ón mbunscoil, eolas ó mhúinteoirí, srl. Moltar an scagadh ar dhaltaí nua a bheith ina chomhiarracht idir an treoirchomhairleoir /múinteoir tacaíochta foghlama / múinteoirí ábhair, mar is cuí.

Lena chois sin, ní mór do scoileanna a bheith feasach ar na rioscaí a ghabhann le lipéadú luath, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le hionchais nó daltaí a choinsíniú go grúpa ar leith.



D'fhéadfadh síceolaí NEPS cabhrú le scoileanna chun trialacha ar leith a aithint a bheadh ina chabhair, lena n-áirítear trialacha a d'oirfeadh chun scagadh a dhéanamh ar dhaltaí nua, nó trialacha diagnóiseacha fiú. D'fhéadfadh síceolaí NEPS cabhrú leis an scoil chun na torthaí a léirmhíniú agus comhairle a thairiscint i dtaobh idirghabhálacha oiriúnacha a d'oirfeadh do riachtanais aitheanta.

**An uair a dhéanfar an scagadh ar dhaltaí nua a shocrú**
Moltar anseo an scagadh ar dhaltaí nua a bheith déanta roimh an dáta clárúcháin, más féidir. Tugann lá treoshuímh, nó dhá lá, fiú, i dtéarma an tsamhraidh, más feidir, deis do dhaltaí dul i dtaithí ar an timpeallacht nua scoile, casadh ar bhaill foirne agus ar a bpiaraí. Léiríonn an taighde gur cabhair mhór é an cineál ullmhúcháin sin ó thaobh daltaí a ullmhú don athrú idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil. Daltaí nach mbíonn i láthair do scagadh den sórt sin, ba cheart scagadh a dhéanamh orthu laistigh de mhí ó theacht isteach sa scoil dóibh agus ní mór do scoileanna a bheith réamhghníomhach mar gheall ar na daltaí sin a thástáil.

Ní mór a rá go bhféadfadh an scagadh réamhiontrála a bheith dian ar dhaltaí áirithe a bhfuil riachtanais eisceachtúla acu agus nach n-oirfeadh triail ghrúpa dóibh. Ba cheart daltaí mar sin a mhisniú chun teacht chuig an lá treoshuímh ach ba cheart socruithe íogair a dhéanamh chun iad a scagadh.

**2.2.2 Eolas ón mbunscoil roimh an aistriú**

Cabhair a bheidh ann d'iar-bhunscoileanna córas a bheith acu chun eolas a bhailiú ó bhunscoileanna a gcuid daltaí. Dea-chleachtas is ea é do bhaill foirne ón iar-bhunscoil cuairt a thabhairt ar na bunscoileanna friothálacha. Déanann mórchuid bunscoileanna trialacha caighdeánaithe ar an léitheoireacht agus ar an mata agus seans gur mhaith leis an iar-bhunscoil torthaí na dtrialacha sin a fheiceáil, le cead tuismitheoirí. D'fhéadfadh an treoirchomhairleoir, an múinteoir tacaíochta foghlama nó Ceann Bliana an t-eolas sin a iarraidh.

Ba cheart go mbeadh ar chumas bunscoileanna eolas mar gheall ar dhaltaí a fuair tacaíocht bhreise ranga (Tacaíocht Ranga a thugtar uirthi sin sa bhunscoil), nó tacaíocht bhreise d'aon chineál maidir le foghlaim nó iompraíocht (Tacaíocht Scoile nó tacaíocht foghlama), nó tacaíocht níos déine agus níos speisialaithe (Tacaíocht Scoile Móide nó teagasc acmhainne), a thabhairt d'iar-bhunscoileanna. Beidh an tAthbhreithniú ar an Athrú go dtí an Iar-bhunscoil (féach **Beart Acmhainní (lch. 24)** ina chabhair maidir le gach dalta a mbeidh Tacaíocht Scoile nó Tacaíocht Scoile Móide de dhíth orthu san iar-bhunscoil.

### Toiliú tuismitheoirí chun eolas a chomhroinnt

Dea-chleachtas is ea é toiliú tuismitheoirí a fháil chun eolas a chomhroinnt, lena n-áirítear cóipeanna de thuairiscí ó ghairmithe a chur ar aghaidh chuig iar-bhunscoileanna. Ar an gcúis sin, tá sé faighte amach ag mórchuid scoileanna gurb é an tslí is éifeachtaí chun an próiseas sin a bhainistiú roinn ar leith a chur ar an bhfoirm iarratais/chláraithe mar gheall ar na nithe sin. Féach **Beart Acmhainní (lch 28)** chun sampla den fhoclaíocht sin a fháil.

*Ceapadh Alt 28 den Acht Oideachais (Leas) 2000 le cinntiú gur féidir eolas mar gheall ar leas oideachais leanaí a chomhroinnt idir ghníomhaireachtaí a d'fhéadfadh cabhrú leo (m.sh. eolas a chomhroinnt idir scoileanna agus leanbh ag athrú ó scoil amháin go scoil eile). Faoi Rialacháin 2005 den Acht Oideachais (Leas) 2000 (Alt 28) (Comhlachtaí Forordaithe) is ceadmhach do ghairmithe oideachais (m.sh. múinteoirí) a bheidh ag déanamh cinntí tábhachtacha a mbeidh tionchar acu ar leas oideachais linbh eolas ábhartha a chomhroinnt (eolas ó bhéal nó eolas scríofa) maidir leis an leanbh gan an dlí um chosaint sonraí a shárú.

**2.2.3 Eolas scoile uile a bhailiú**

Féadfaidh dhá fheidhm a bheith ag córais scoile uile: daltaí a scagadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Bailíonn gach scoil eolas breise mar gheall ar dhaltaí agus cabhair is ea é an t-eolas sin a bheith eagraithe ar shlí chórasach agus monatóireacht a bheith á déanamh air chun cleachtas éifeachtach a fhorbairt ar leibhéal na scoile uile. Mar shampla bailíonn scoileanna eolas mar gheall ar thinreamh, tuairiscí scoile (faoi dhó sa bhliain go minic) agus mar gheall ar thorthaí scrúdaithe inmheánacha agus scrúduithe stáit. Is gnách córais a bheith ag scoileanna chun taifead a choimeád de dheacrachtaí iompraíochta, de ghnóthachtálacha agus d'ócáidí ratha agus de phionóis agus duaiseanna a cuireadh i bhfeidhm i gcás daltaí ainmnithe. Cabhair is ea an t-eolas sin ar fad chun tuiscint a fháil ar

riachtanais daltaí agus chun na daltaí sin i ngach aoisraon a bhféadfadh deacrachtaí ar leith a bheith acu a aithint.

Ach úsáid chiallmhar chothrom a bhaint as, d'fhéadfadh an t-eolas sin dalta ar bith a bhfuil deacracht aige nó aici in aon cheann de na réimsí sin a aithint go tapa. De ghnáth nuair a thagann deacracht chun cinn is féidir leis an scoil freagairt don dalta leis an gcineál tacaíochta is fearr a oireann do riachtanais an dalta.

Breathnóireacht múinteora is ea slí ríthábhachtach eile chun eolas a bhailiú. Cé go mbíonn breathnóireacht ar siúl ag múinteoirí ar a gcuid daltaí an t-am ar fad agus modhanna teagaisc á n-oiriúnú dá réir, ní mór an t-eolas ó bhreathnóireacht an mhúinteora a chomhroinnt, uaireanta, le daoine lasmuigh den seomra ranga. Mar shampla, múinteoir a thugann faoi deara go bhfuil dalta ag éirí níos cúlánta an t-am ar fad, d'fhéadfadh sé a bheith cuí é sin a chur in iúl don Cheann Bliana nó don treoirchomhairleoir. Scoileanna a bhfuil córais shoiléire acu chun eolas mar é a chomhroinnt is fearr a éireoidh leo freagairt do riachtanais mar iad go pras.

## 2.3 Tacú le Daltaí mar chuid de Thacaíocht do CHÁCH

Go dtí seo sa roinn seo díríodh ar chineálacha cur chuige coisctheacha agus ar riachtanais a aithint trí chórais scoile uile. Ar an leibhéal seo is ar an eolas bailithe a bhunaítear na hidirghabhálacha. De ghnáth idirghabhálacha beag áitiúla, sonracha a bheadh iontu a léireodh an dea-chleachtas atá i réim cheana féin sa scoil. Mar shampla, dalta nach bhfuil ag socrú sa scoil nua d'fhéadfadh an teagascóir ranga casadh air nó uirthi agus piarpháirtí a thairiscint dó nó di. I gcás go bhfeiceann múinteoir ábhair go bhfuil dalta ag streachailt le hábhar curaclaim, d'fhéadfaí obair bhaile dhifreáilte a thairiscint di nó dó, nó d'fhéadfaí modhanna teagaisc a oiriúnú.

### 2.3.1 An creat ar mhaithe le réiteach


Dírítear sa Leanúntas Tacaíochta ar ghníomhaíochtaí a aithint a dhéanfadh difear dearfach don dalta/do na daltaí. Is féidir an creat a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal tacaíochta: Tacaíocht do CHÁCH, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile Móide. Ach is iad na ceisteanna téamacha céanna a threoraíonn an próiseas smaointeoireachta agus gníomhaíochta ar gach leibhéal tacaíochta:

- **Údair Imní a aithint agus Eolas a Bhailiú - *Cad é an t-údar imní? agus Cad iad na rudaí is bonn don údar imní?***
- **Pleanáil agus Idirghabháil- *Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí leo? Conas is féidir linn cabhrú?***
- **Monatóireacht agus Athbhreithniú- *Ar oibrigh sé? Cad é an chéad rud eile is gá a dhéanamh?***

Cabhair is ea é smaoineamh ar na próisis seo mar phróisis dhinimiciúla. Taispeánann taithí na scoileanna nach próiseas néata líneach a bhíonn i gceist: Uaireanta bunaítear idirghabhálacha go díreach ar údair imní a aithníodh nó ar eolas a bailíodh. Uaireanta eile d'fhéadfadh athbhreithniú ar idirghabháil a bheith ina bhonn eolais leis an bPróiseas Athbhreithnithe féin agus le heolas eile is gá a bhailiú.

Bainfear úsáid as an gcreat ar mhaithe le réiteach seo ar fud an chuid eile den doiciméad agus léireoidh roinnt cás-staidéar éagsúla an tslí a bhféadfadh scoileanna úsáid a bhaint as.

### *An Creat ar Mhaithe le Réiteach*




**2.3.2 Creat ar mhaithe le réiteach ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH**

Is í Tacaíocht do CHÁCH an fhreagairt is coitianta, agus an chéad fhreagairt, de ghnáth, ar riachtanais atá ag teacht chun cinn. Ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH, is gnách idirghabhálacha a bheith dírithe ar ghrúpaí daltaí agus a bheith bunaithe ar dhea-chleachtas scoile uile.

Is gnách don phróiseas ar mhaithe le réiteach ar an leibhéal seo tosú nuair a bhíonn údar imní ag múinteoir nó ag grúpa múinteoirí mar gheall ar ghrúpa daltaí nó ceist a bhaineann leis an scoil uile. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir a thabhairt faoi deara go bhfuil deacrachtaí ag roinnt daltaí i dtaca le hobair bhaile a chríochnú agus teacht ar scoil go rialta. D'fhéadfaí an fhadhb sin a phlé agus a chíoradh agus is gnách freagairt chórasach a cheapadh air. Mar shampla, ar na freagairtí scoile uile a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach bheadh treoir do mhúinteoirí mar gheall ar conas obair bhaile a dhifreáil agus smaoineamh ar chóras duaiseanna chun dea-thinreamh a chur ar aghaidh.

### 2.3.3 Cás-Staidéar

Gheofar thíos sampla d'idirghabháil ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH ina dtaispeántar an úsáid a baineadh as an bpróiseas ar mhaithe le réiteach.

**Údair imní a aithint agus eolas a bhailiú**

Mar chuid de bheartas na scoile do dhaltaí na chéad bhliana, déantar scagadh ar dhaltaí chéad bhliana i mí na Bealtaine. Bhí na trialacha seo a leanas mar chuid den scagadh ar dhaltaí nua:

- Triail Éirime Neamhléitheoireachta (NRIT)[*]
- Grúpthriail Léitheoireachta (GRT)
- Triail Litrithe Focal Aonair (SWST)
- Triail Mata Vernon (VMT)

**Tábla 1: Sonraí Scagtha ó Dhaltaí Chéad Bhliana (Bealtaine 2008)**

| Ainm | DB | CA | Bl | NRIT | GRT | VMT | SWST |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | SS Cen | SS Cen | SS Cen | SS Cen |
| Seán | 08/10/1995 | 12 bl | $1^{ú}$ | 93, $32^{ú}$ | 85, $15^{ú}$ | 92, $30^{ú}$ | 82, $12^{ú}$ |
| Jane | 04/04/1995 | 13 bl | $1^{ú}$ | 90, $25^{ú}$ | 83, $13^{ú}$ | 92, $30^{ú}$ | 84, $14^{ú}$ |
| Hassan | 26/06/1995 | 12 bl | $1^{ú}$ | 83, $13^{ú}$ | 80, $9^{ú}$ | 75, $5^{ú}$ | 83, $13^{ú}$ |
| Ciara | 04/07/1996 | 11 bl | $1^{ú}$ | 86, $18^{ú}$ | 85, $16^{ú}$ | 88, $21^{ú}$ | 90, $25^{ú}$ |
| Aisling | 12/12/1995 | 12 bl | $1^{ú}$ | 85, $16^{ú}$ | 85, $15^{ú}$ | 82, $12^{ú}$ | 81, $10^{ú}$ |
| Paul | 22/05/1995 | 13 bl | $1^{ú}$ | 84, $14^{ú}$ | 78, $7^{ú}$ | 82, $12^{ú}$ | 79, $8^{ú}$ |

Taispeántar scóir chaighdeánacha (SS) agus peircintílí (Cen). Léiriú is ea peircintíl i dtriail aoischaighdeánaithe ar cé chomh maith a éiríonn le dalta i gcomparáid le 100 duine eile ag an aois chéanna. Peircintíl de 15 a fuair Seán sa triail léitheoireachta, a léiríonn go ndearna sé chomh maith céanna le 15 as 100 dalta ag a aois féin.

Ar bhonn an eolais thuas, bhí Hassan agus Pól ag fáil Tacaíocht Scoile cheana féin, i bhfoirm ranganna breise Béarla. Ach ní raibh aon tacaíocht bhreise á fáil ag an gceathrar eile.

Bailíodh eolas breise tríd an gcóras Scagadh Iompraíochta, a dhéanann an scoil seo ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair sa chéad bhliain. Ag tús an scagtha iompraíochta aithnítear daltaí a d'fhéadfadh a bheith 'i mbaol' ó thaobh deacrachtaí iompraíochta nó mothúchánacha i bhfoirm 'iompraíocht léirithe' nó 'iompraíocht cheilte' a fhorbairt. Féach **Beart Acmhainní (lgh 45-50).**

Comhlánaíonn na múinteoirí ábhair an fhoirm Scagadh Iompraíochta – liostaíonn gach múinteoir ábhair idir triúr agus cúigear dalta a mbeadh imní uirthi nó air fúthu ina rang faoi dhá chatagóir – Ag Léiriú (ionsaitheach; freasúraíoch; contrártha; argóinteach) & Ag Ceilt (cúthaileach, ciúin, cúlánta). Comhlánaítear an Chairt Achomair um Scagadh Iompraíochta – agus comhthiomsaítear liosta de na hainmneacha coiteanna trasna na n-ábhar ar fad.

---

[*] D'úsáid an scoil seo an NRIT chun cumas ginearálta a thomhas, ach d'fhéadfadh sé gurbh fhearr le scoileanna eile úsáid a bhaint as na Trialacha Gnóthachtála Cognaíche (CAT-3), nó as trialacha eile.. Gheofar breis eolais mar gheall ar scagadh sa **Bheart Acmhainní**.

**Cás-Staidéar**

D'aibhsigh an próiseas dáréag dalta sa chéad bhliain a raibh imní ar mhúinteoirí fúthu. Bhí riachtanais foghlama, leis, ag cuid de na daltaí a bhí 'i mbaol' ar an scagadh iompraíochta, mar shampla Seán, Jane, Hassan agus Aisling.

Lena chois sin, thaispeáin monatóireacht scoile uile go raibh 14 dalta as láthair ar feadh 8 lá scoile cheana féin (lá sa tseachtain nach mór) faoi Shamhain. Ba é an Aoine an lá ba choitianta a cailleadh.

Thuairiscigh múinteoirí ábhair, leis, do theagascóirí chéad bhliana agus don Cheann Bliana, go raibh daltaí áirithe ann nár chríochnaigh tascanna obair bhaile.

Nuair a tháinig deacrachtaí tinrimh agus obair bhaile chun cinn, bhí an fhoireann tacaíochta do dhaltaí in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas ón scagadh féachaint an bhféadfadh saincheisteanna foghlama nó iompraíochta a bheith ina gcúis leis na deacrachtaí.
Chomhlánaigh an fhoireann tacaíochta do dhaltaí Seicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC), Roinn A, a fhéachann ar thimpeallacht na scoile uile. Bhí an chuid mar gheall ar bheartais scoile uile ina chabhair mhór.

Phléigh an Ceann Bliana na húdair imní agus athbhreithníodh na beartais scoile i gcomhar leis an fhoireann tacaíochta do dhaltaí. Bhain an grúpa leas as an gcreat ar mhaithe le réiteach, trí na ceisteanna seo a leanas a chur orthu féin: Cad iad na húdair imní atá againn agus cad iad na rudaí is bonn leis na húdair imní sin? Rinneadh roinnt moltaí: Go bhféadfadh go mbeadh tacaíocht obair bhaile nó obair bhaile níos difreáilte ag teastáil ó dhaltaí áirithe; Go bhféadfadh sé nach raibh daltaí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi chóras na scoile chun dea-iompraíocht a aithint (maidir le tinreamh sásúil agus obair bhaile a bheith críochnaithe). Moladh, leis, nár leor na dreasachtaí a bhí ann chun daltaí a mhealladh ar scoil gach lá.

**Pleanáil agus idirghabháil**

Ag éirí ón gcomhrá seo, ba é an chéad cheist eile a cuireadh, Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí leo agus conas is féidir linn cabhrú? Aontaíodh go mbainfí triail as na hidirghabhálacha seo a leanas: dhéanfadh an fhoireann ar fad iarracht dea-chleachtas difreála a fhorbairt, ag baint leasa as acmhainní ón tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS). Iarradh ar an mBord Araíonachta Scoile, i gcomhar le Comhairle na nDaltaí, smaoineamh ar shraith duaiseanna agus pionós a mholadh, in ord méide nó déine, ar obair bhaile a bheith críochnaithe, a d'fhéadfaí a mhíniú do dhaltaí agus a chuirfeadh na múinteoirí ar fad i bhfeidhm. Braitheadh go mba chabhair é litir a chur abhaile chun tuismitheoirí a chur ar an eolas mar gheall ar ionchais na scoile agus córas duaiseanna agus pionóis na scoile. Chuirfeadh an Ceann Bliana glao gutháin ar líon beag tuismitheoirí chun an tábhacht a ghabhann le tinreamh rialta a mhíniú dóibh. Ar deireadh aontaíodh go mbeadh mionchrannchur ag na teagascóirí gach Aoine, ar son duais bheag (seacláid, stáiseanóireacht, nó creidmheas fóin). Bheadh ticéad sa chrannchur ag gach dalta a bhí istigh ar feadh na seachtaine.

**Cás-Staidéar**

**Monatóireacht agus athbhreithniú**
D'aontaigh foireann bhainistíochta na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí tinrimh ag deireadh an chéad téarma agus gheall múinteoirí ranga go gcuirfí na teagascóirí ranga ar an eolas mar gheall ar dhaltaí a raibh sé deacair orthu fós obair bhaile a chríochnú. Tráth an athbhreithnithe, bhí feabhas ar thinreamh ceathrair agus ar a gcuid obair bhaile , ach bhí údair imní ann fós mar gheall ar bheirt dhalta, Jane agus Seán. Cuirfear eolas i láthair sna caibidlí seo a leanas mar gheall ar Jane agus Seán agus a ndul chun cinn ar scoil.

Achoimrítear sa chairt thall an creat ar mhaithe le réiteach faoi mar a cuireadh i bhfeidhm é ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH. Ní miste a rá nach foirm a bheadh le líonadh isteach é seo ach léiriú ar phróiseas.

Cás-Staidéar

2.3.4 Creat ar Mhaithe le Réiteach

## Creat ar Mhaithe le Réiteach

| | |
|---|---|
| *Cad é an t-údar imní? Cad iad na rudaí is bonn don údar imní?*<br>• Léiríonn taifid na scoile go raibh daltaí áirithe as láthair ar feadh ocht lá cheana féin.<br>• Tá sé curtha in iúl ag múinteoirí ábhair don fhoireann tacaíochta gur minic nach gcríochnaíonn daltaí áirithe an obair bhaile.<br>• D'fhéadfadh sé gur gá tascanna obair bhaile a dhifreáil chun cumas foghlama a chur san áireamh.<br>• D'fhéadfadh sé go dteastaíonn athneartú ar an gcineál iompraíochta a bhfuiltear ag súil léi agus feasacht níos mó ar dhuaiseanna agus ar phionóis maidir le hobair bhaile agus tinreamh araon<br>• Comhlánú an tSeicliosta Thimpeallacht Foghlama, roinn A, beartais scoile uile | Údar imní a aithint & eolas a bhailiú |
| *Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí leo? & Conas is féidir linn cabhrú?*<br>• Oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí ar conas obair bhaile a dhifreáil. Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an chórais duaiseanna agus pionóis chun comhsheasmhacht idir na baill foirne ar fad a chinntiú.<br>• Smaoineamh ar dhuaiseanna seachtainiúla chun dea-thinreamh a spreagadh. Moladh go gcuirfí ainm gach dalta chéad bhliana a mbeadh tinreamh 100% aige nó aici sa tseachtain isteach i gcrannchur ranga gach Aoine chun duais bheag a bhuachan (seacláid/stáiseanóireacht/creidmheas fóin)<br>• Litir mheabhrúcháin do thuismitheoirí lucht na chéad bhliana mar gheall ar ionchais i dtaca le tinreamh agus obair bhaile agus chun an straitéis duaiseanna agus pionóis atá i bhfeidhm a chur in iúl dóibh. Glaonna gutháin chuig grúpa beag tuismitheoirí chun tuilleadh plé/athneartaithe a dhéanamh | Pleanáil agus idirghabháil |
| *Ar oibrigh sé? Cad é an chéad rud eile is gá a dhéanamh?*<br>• Fuarthas in athbhreithniú ag deireadh téarma gur éirigh go rímhaith leis an straitéis duaiseanna do thinreamh Laghdaigh neamhláithreachas ar an Aoine go dtí 3%.<br>• Bhí beirt dhalta ann nár fhreagair don chur chuige seo agus a atreoraíodh go dtí an Fhoireann Tacaíochta agus a aistríodh ina dhiaidh sin go dtí Tacaíocht Scoile<br>• Glacadh go fonnmhar leis an oiliúint inseirbhíse ar dhifreáil<br>• Lena chois sin, measadh gurbh fhiú club obair bhaile a bhunú sna blianta as sin amach | Monatóireacht agus athbhreithniú |

# CAIBIDIL 3

## Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe)

## Tús eolais

Leagtar amach sa chaibidil seo an tslí a d'fhéadfadh scoileanna freastal ar dhaltaí áirithe a dteastódh tacaíochtaí breise uathu. Arís, baintear úsáid as an gcreat ar mhaithe le réiteach, ina bhfuil na céimeanna seo a leanas:

- **Údair Imní a Aithint agus Eolas a Bhailiú**
- **Pleanáil agus Idirghabháil**
- **Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Dhá chás-staidéar atá sa chaibidil seo, mar léiriú: Daniel agus Jane. Taispeánann na cás-staidéir seo na teicnící éagsúla is féidir a úsáid chun tacú le daltaí: athbhreithniú ar an athrú go dtí an iar-bhunscoil, pleananna tacaíochta scoile, pleananna idirghabhála thimpeallacht foghlama agus cruinnithe den Fhoireann Tacaíochta.

## 3.1 An Creat ar Mhaithe le Réiteach ar leibhéal Thacaíocht Scoile

I gcásanna áirithe ní leor na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH chun freagairt go hiomlán do riachtanais dalta agus d'fhéadfadh Tacaíocht Scoile a bheith riachtanach. D'fhéadfadh an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne/Ceann Bliana/treoirchomhairleoir agus b'fhéidir an Fhoireann Tacaíochta a bheith baineach leis an bpróiseas ar mhaithe le réiteach ag an bpointe seo. I gceist le Tacaíocht Scoile tá eolas a bhailiú go córasach agus cineál éigin plean idirghabhála a cheapadh. I measc na gcineálacha pleananna a d'fhéadfadh a cheapadh tá Plean Tacaíochta Scoile/Plean Idirghabhála Grúpa nó Plean Foghlama Aonair nó Plean Iompraíochta.

An múinteoir comhordaithe

Glacann príomhbhall foirne, ar a dtugtar **an múinteoir comhordaithe**, freagracht fhoriomlán as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an idirghabháil agus as teagmháil a dhéanamh le daoine eile (múinteoirí, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha, cuir i gcás). D'fhéadfadh múinteoir ábhair, teagascóir, ceann bliana, múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne, treoirchomhairleoir nó ball sinsearach foirne bheith ina mhúinteoir nó ina múinteoir comhordaithe, ag brath ar nádúr riachtanais an dalta agus ar chomhthéacs na scoile.

Beidh gá ag daltaí áirithe le Tacaíocht Scoile a luaithe a thagann siad isteach san iar-bhunscoil, toisc riachtanais aitheanta doiciméadaithe a bheith acu (féach Caibidil 1). I gcás daltaí eile, tiocfaidh a riachtanais chun cinn le himeacht ama agus de ghnáth is daltaí iad a bheidh tar éis Tacaíocht do CHÁCH a fháil le tamall ach go bhfuarthas amach gur gá leibhéal tacaíochta níos airde. Leanfar an Creat ar Mhaithe le Réiteach, a leagadh amach cheana féin i gCaibidil 2.

### 3.1.1 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú

I gcás daltaí a bhfuil **riachtanais aitheanta doiciméadaithe acu**, de ghnáth aithníodh an fhadhb sular chláraigh an dalta sa scoil. I gcás daltaí a bhfuil a gcuid **riachtanais at teacht chun cinn,** d'fhéadfadh sé gur aithníodh an t-údar imní trí scagadh scoile uile nó córas monatóireachta.

D'fhéadfadh sé go dteastódh ón scoil eolas mionsonraithe a bhailiú de bhreis ar an méid a tuairiscíodh i gCaibidil 2 i gcás daltaí a bhfuil riachtanais aitheanta doiciméadaithe acu nó níos tipiciúla fós, daltaí a bhfuil riachtanais acu atá ag teacht chun cinn. Bheadh an t-eolas sin bainteach le húdair imní agus d'fhéadfadh raon leathan gníomhaíochtaí a bheith i gceist leis, ar nós tuismitheoirí a chur faoi agallamh chun eolas a fháil mar gheall ar shaincheisteanna mothúchánacha, eolas a bhailiú ó speisialtóirí míochaine/paraimhíochaine (mar gheall ar scileanna éisteachta agus urlabhra agus teanga, cuir i gcás) nó an dalta a chur faoi agallamh mar gheall ar inspreagadh agus dearcadh. Chun tacú le scoileanna san obair sin, cuireadh seicliosta cuimsitheach bailithe eolais ar áireamh sa **Bheart Acmhainní (lch 32).**

Ní mór a rá nár ceapadh an seicliosta seo mar fhoirm a chomhlíonfaí ina iomláine, ach mar threoir do mhúinteoirí agus iad ag iarraidh smaoineamh ar fhoinsí éagsúla óna bhféadfaí eolas ábhartha a fháil. Tá slí san fhoirm do mhíreanna beaga eolais.

**Measúnú diagnóiseach scoile**
**(lena n-áirítear trialacha aonair agus trialacha a d'úsáidfí leis na daltaí is sine)**

Beidh tástáil bhreise aonair nó diagnóiseach de dhíth ar dhaltaí áirithe chun nádúr a riachtanas (idir fhoghlama agus iompraíochta) a aithint. Lena chois sin, d'fhéadfadh daltaí áirithe teacht isteach sa scoil i lár bliana, aistriú ó scoil eile nó bheith tar éis teacht go dtí an tír den chéad uair. Is minic a bhíonn daltaí mar iad níos sine ná na daltaí san aoisraon is ábhar do thrialacha scagtha de ghnáth. Féach an **Beart Acmhainní (lch 43)** chun eolas breise a fháil ar thrialacha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do scoileanna sna cásanna sin.



Is ar leibhéal Thacaíocht Scoile a fhéadann scoileanna dul i gcomhairle le síceolaí NEPS mar chuid den chreat ar mhaithe le réiteach.

### 3.1.2 Pleanáil agus idirghabháil

Ar leibhéal Thacaíocht Scoile ní mór idirghabhálacha a bheith pleanáilte i gcomhairle leis an dalta agus a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí. Tá raon leathan idirghabhálacha féideartha ann, mar shampla:

- Bheith rannpháirteach i ngrúpa tacaíochta foghlama
- Ualach laghdaithe ábhar
- Bheith rannpháirteach i ngrúpa scileanna sóisialta
- Clár piarléitheoireachta a chur i bhfeidhm
- Ag déanamh oiriúintí i gcás dúshlán mór (m.sh. neamhaird a cheadú ar litriú agus ar ghramadach in ábhair teanga).

D'fhéadfaí idirghabhálacha a phleanáil chun freastal ar riachtanais ghrúpa daltaí nó iad a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais dalta amháin. Go deimhin d'fhéadfaí idirghabháil ghrúpa mar aon le hidirghabháil aonair a shocrú do dhalta (féach cás-staidéar Jane thíos). Bheadh sé tábhachtach duine amháin a bheith freagrach as an bplean idirghabhála ina iomláine (***an múinteoir comhordaithe***).

Ba cheart modh taifeadta a chur i bhfeidhm don idirghabháil. Ní gá taifeadadh mionsonraithe a dhéanamh ach é a bheith soiléir cé na cineálacha idirghabhálacha a ceapadh agus an tslí a chuirfear i bhfeidhm iad. Taispeánfaidh na cás-staidéir thíos cuid de na slite inar féidir idirghabhálacha a dhoiciméadú.

### 3.1.3 Monatóireacht agus athbhreithniú

Bheadh sé de fhreagracht ar an múinteoir comhordaithe, leis, monatóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha agus athbhreithnithe a phleanáil agus a chur i gcrích. Cabhair is ea é de ghnáth córas éigin a bheith ann chun eolas a chomhroinnt, ionad go mbíonn an fhoireann ar fad feasach ar ról an mhúinteora chomhordaithe agus go gcuirtear gach eolas ar aghaidh chuici no chuige. Mar shampla dá mbeadh údar imní ann mar gheall ar dhalta cúlánta faiteach agus dá mbeadh idirghabhálacha i bhfeidhm chun rannpháirtíocht a mhisniú agus féinmheas a chothú, ansin ba cheart go mbeadh a fhios ag gach múinteoir gur don mhúinteoir comhordaithe a chuirtear in iúl é má éiríonn nó muna n-éiríonn leis na hidirghabhálacha.

Arís, cabhair a bheadh ann doiciméadú a dhéanamh ar an athbhreithniú. Uaireanta cuid den phróiseas bailithe eolais is ea an t-athbhreithniú. Mar shampla, dalta a bhfuil idirghabháil á déanamh ar mhaithe lena litearthacht, d'fhéadfaí a scóir léitheoireachta a athbhreithniú agus na sonraí a bhailiú le go bhfeicfí cén leibhéal tacaíochta a bheadh ag teastáil dá éis. Ba cheart go socrófaí mar chuid den athbhreithniú cibé an oireann an leibhéal tacaíochta atá ar fáil faoi láthair. D'fhéadfaí leanúint de Thacaíocht Scoile, d'fhéadfadh Tacaíocht Scoile Móide a bheith níos oiriúnaí nó tharlódh gur leor anois na próisis a ghabhann le Tacaíocht do CHÁCH chun riachtanais an dalta a chomhlíonadh.

# Cás-Staidéar

## 3.2.Daniel (riachtanais aitheanta doiciméadaithe)

Tá súil go mbeidh an cás-staidéar seo ar Daniel ina léiriú breise ar an bpróiseas agus ar an tslí le cuid de na doiciméid a luadh cheana a úsáid. Dalta is ea Daniel a tháinig isteach san iar-bhunscoil agus **riachtanais aitheanta doiciméadaithe** aige.

### 3.2.1 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú

D'aistrigh Daniel ó Bhunscoil San Máirtín. Measúnaíodh é sa bhliain 2007 (agus é i rang a cúig) agus aithníodh saindeacracht foghlama (disléicse). Bhailigh an múinteoir tacaíochta san iar-bhunscoil eolas mar gheall ar riachtanais Daniel ó fhoinsí éagsúla:

- Trialacha scagtha Daniel (bhí a scileanna léamhthuisceana díreach laistigh den mheánraon).
- Thaispeáin an tAthbhreithniú ar an Athrú go dtí an Iar-bhunscoil (féach thíos) gur dalta cumasach ab ea Daniel ach go raibh deacracht mhór aige maidir le hobair scríofa a dhéanamh agus deacracht éigin aige maidir le féineagrú.
- Tháinig deacracht throm chun solais ar thriail litrithe WRAT 4 (Triail Ghnóthachtála Fadréimseach).
- Léirigh tuairisc shíceolaíoch (2007) go raibh disléicse ar Daniel agus gur lag an chuimhne éistitheach a bhí aige

Gheofar treoir maidir le conas ciall a bhaint as tuarascálacha síceolaithe sa **Bheart Acmhainní, lch 37**.



I gcás inar ullmhaíodh tuairisc shíceolaíoch, cabhair is ea é meicníocht a bheith ag scoileanna chun a chinntiú go roinntear an tuairisc leis an bhfoireann teagaisc. Ba cheart ar a laghad go mbeadh a fhios ag múinteoirí go bhfuil a leithéid de thuairisc ann agus deis acu í a léamh. Tá sé tábhachtach tuairiscí a bheith faoi rún, ach tá sé chomh tábhachtach céanna na tuairiscí sin a bheith ar fáil don fhoireann ghairmiúil. Beidh síceolaí NEPS in ann comhairle a chur ar an scoil maidir leis na slite is oiriúnaí chun eolas síceolaíoch a chomhroinnt.

## Cás-Staidéar

### Athbhreithniú ar an Athrú go dtí an Iar-bhunscoil
### Faoi Rún

**Ainm: Daniel** **Teanga Bhaile: Béarla**
**Seoladh:**
**Dáta Breithe:**
**Scoil Láithreach: Bunscoil Naomh Máirtín**

### ROINN A HAON: EOLAS CÚLRA

- **Measúnú**

Measúnú/uithe déanta ar an dalta? Tá (circled) Níl

Dáta an Mheasúnaithe/Dátaí na Measúnuithe: *Tuairisc 04.04.07*

Ar léiríodh nádúr na ndeacrachtaí?
*Fáthmheas disléicse agus cuimhne lag ar sheicheamhacht éisteachta*

An bhfuil/an raibh tacaíocht ag an dalta ó ghníomhaireacht ar bith a sholáthraíonn seirbhísí síceolaíochta/síciatracha, teiripe urlabhra, teiripe shaothair, srl?

Tá Níl (circled)

Má tá/bhí, tabhair sonraí, le do thoil:

Díolúine ón nGaeilge (Ciorclaigh) Tá (circled) Níl

Teacht ar thacaíochtaí speisialaithe TF? Tá (circled) Níl

Má tá, tabhair sonraí, le do thoil:
*Fuair Daniel ríomhaire glúine le deireanas agus beidh sé á úsáid chun obair scríofa níos faide a sholáthar. Tá sé ag foghlaim scileanna méarchláir agus próiseála focal.*

Sonraigh aon trealamh a aistreofar in éineacht leis an dalta.
*Aistreoidh an ríomhaire glúine in éineacht le Daniel go dtí an iar-bhunscoil.*

## Cás-Staidéar

- **Torthaí ar thrialacha a rinneadh le deireanas**

| RÉIMSE | AINM NA TRIALACH | DÁTA NA TRIALACH | SCÓIR CHAIGHDEÁ NACHA | ORD PEIRCINTÍLE |
|---|---|---|---|---|
| Cumas | | | | |
| Léitheoireacht | Droim Conrach | Fea 2007 | SS 79 | 8ú peircintíl |
| Litriú | SWST | Fea 2007 | SS 69 | 1ú peircintíl |
| Uimhirtheacht | Sigma-T | Beal 2006 | SS 102 | 55ú peircintíl |
| Eile | | | | |

- **Nearta / riachtanais agus moltaí**

**Nearta**:
*Duine inspreagtha agus díograiseach is ea Daniel. Is breá leis ainmnithe agus ba mhaith leis dul i mbun oibre le hainmhithe ar fhágáil na scoile dó. Duine cumasach é a chuireann spéis sa saol de ghnáth.*

**Riachtanais Aitheanta**:
*Is mór an deacracht atá ag Daniel leis an litriú, go háirithe i gcás na saorscríbhneoireachta. Is deacair dó coimeád suas leis an obair nuair a bhíonn a lán scríbhneoireachta le déanamh. Déanann sé dearmad ar rudaí uaireanta agus b'fhéidir nár mhiste treoracha a thabhairt dó ina gceann agus ina gceann nó an méid a bhfuiltear ag súil leis a mheabhrú dó.*

**Moltaí**:
*D'éirigh go han-mhaith le Daniel i rang a sé agus tá sé ag éirí níos féinmhuiníní an t-am ar fad le daoine eile. B'fhearr leis nach dtarraingeofaí aird ar a dhisléicse san iar-bhunscoil. Níl sé ach tar éis tosú ar an ríomhaire glúine a úsáid go héifeachtach, tabharfar tús áite dó sin san iar-bhunscoil.*

## Cás-Staidéar

### ROINN A DÓ: SOLÁTHAR SA BHUNSCOIL

**Cineál na Tacaíochta**
**Tacaíocht Foghlama/Acmhainne/SNA**
*Fuair sé Tacaíocht Scoile (Tacaíocht Foghlama)*

**Minicíocht/Grúpáil**
*Bhí seisiún aonair amháin sa tseachtain aige agus seisiún beirte trí huaire sa tseachtain.*

**Na Príomhréimsí Foghlama/Iompraíochta ar Díríodh Orthu:**
*Bhíomar ag díriú ar chruinneas léitheoireachta Daniel agus ar a líofacht. Dhíríomar ar scileanna díchódaithe (le hardscileanna fónaice) Níor tugadh tús áite don litriú cé gur fhoghlaim Daniel rialacha litrithe tríd an gclár Toe by Toe.*

**Aon chlár speisialta a úsáideadh?** (m.sh. TEACCH, Toe by Toe, Units of Sound, Grúpaí Scileanna Sóisialta srl)?
*D'úsáid Daniel an clár Toe by Toe. Beidh sé ag obair ar chlár SNIP sa leath-théarma deireanach. 'Cúntóir' ab ea Daniel sa chlár léitheoireachta páirtí agus d'éist sé le léitheoireacht linbh as rang a haon trí huaire sa tseachtain, i gcaitheamh théarma an fhómhair.*

**An bhfuil aon socrú speisialta ann?** (m.sh. obair bhaile dhifreáilte/úsáid na teicneolaíochta/áit suí sa seomra ranga)
*Bhíodh 'páirtí' ag Daniel chun obair bhaile a chur i gcuimhne dó ach ní gá an tacaíocht sin a thuilleadh. Ní cheartaíonn a mhúinteoir ach trí mhílitriú in aon phíosa oibre. Baineann Daniel úsáid as ríomhaire glúine chun scileanna méarchláir a fhoghlaim, go háirithe in am Gaeilge.*

**Bíodh cóip d'aon Athbhreithniú a rinneadh le gairid ar IEP/IPLP/i gceangal leis seo.**

## Cás-Staidéar

### ROINN A TRÍ: PLEANÁIL LE hAGHAIDH AISTRIÚ

**Riachtanais Churaclaim** (ábalta do raon iomlán ábhar/tráthchlár laghdaithe/nearta agus deacrachtaí le hábhair ar leith)

*Tá Daniel ag tnúth le curaclam na hiar-bhunscoile. Tá díolúine aige ón nGaeilge ach ba mhaith leis triail a bhaint as an bhFraincis toisc go bhfuil gaolta aige sa Fhrainc.*

**Scileanna Foghlama** (ag leanúint treoracha/ ag léamh/ ag scríobh/ ag glacadh páirte in obair ó bhéal)

*Is buachaill éirimiúil cumasach é Daniel. Éiríonn go geal leis i bhformhór na gceachtanna.*

**Scileanna Eagraíochtúla** (an cumas a b(h)ealach a dhéanamh timpeall na scoile/taisceadán a bhainistiú/trealamh a choimeád)

*Go maith i gcoitinne, ach bíonn sé dearmadach agus beagáinín neamheagraithe uaireanta. D'fhéadfadh beagán cabhrach a bheith uaidh chun leabhair/taisceadán/obair bhaile a eagrú.*

**Scileanna Sóisialta** (cairdeas le daoine ar leith/an cumas réiteach le daoine eile)

*Buachaill é a mbíonn gean ag leanaí eile air, ba mhaith leis a bheith in aon rang le Sam Ryan nó Eoin Mulvihill.*

**Eile** (aon cheist/dúshlán ar leith)

**Ainmneacha na ndaoine a bhí i láthair ag an agallamh:**
*Patricia Rooney (tacaíocht foghlama, Bunscoile San Máirtín) Michael Hurley (tacaíocht foghlama, Pobalscoil Naomh Iósaef) an tUasal agus Bean Uí Shé (tuismitheoirí)*

An dtugann na tuismitheoirí cead an fhaisnéis seo a chur ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil? Tabhair ainm na scoile____________________________

**Dáta:** *26 Aibreán2008*

## Cás-Staidéar

**3.2.2 Pleanáil agus idirghabháil**
Ós rud é gur riachtanais aitheanta a bhí i riachtanais Daniel agus go raibh eolas cothrom le dáta ar fáil mar gheall orthu, bhí an scoil in ann idirghabhálacha éifeachtacha a phleanáil chun tacú le Daniel. Cheap a mhúinteoir tacaíochta foghlama, i gcomhar le Daniel, a thuismitheoirí agus an fhoireann ábhair, an Plean Tacaíochta Scoile atá leagtha amach thíos. I gcomhrá leis an múinteoir tacaíochta foghlama, dúirt Daniel go raibh an obair bhaile deacair air, go háirithe nuair ba ghá rudaí a chur de ghlanmheabhair. Dúirt sé leis gur nós leis botúin a dhéanamh sa litriú agus gur chuir sé lagmhisneach lear mór botún a fheiceáil in obair a bhí déanta go cúramach aige. Gheofar sa **bheart acmhainní** teimpléad de Phlean Tacaíochta Aonair, féach lch. 51.

**3.2.3 Monatóireacht agus athbhreithniú**
Mar a fheictear, rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Scoile i bhFeabhra 2009 agus cuireadh eolas nua mar gheall ar thacaíochtaí Daniel in éineacht leis. Tá beartaithe athbhreithniú eile a dhéanamh ag deireadh na bliana acadúla ionas gur féidir an soláthar a mheas agus plean a cheapadh don dara bliain.

I gcás Daniel, tá an chuma air go leanfaidh sé ar aghaidh ar leibhéal Thacaíocht Scoile, ós rud é gur cosúil gurb é an leibhéal tacaíochta seo a oireann dá riachtanais. D'fhéadfadh Daniel filleadh ar leibhéal Thacaíocht do CHÁCH mar a bhféadfadh difreáil agus Beartais Chuimsitheacha Scoile a riachtanais a chomhlíonadh. Níl aon riail dhocht ann mar gheall ar cathain ar cheart do dhalta athrú ó leibhéal amháin go leibhéal eile - déanann scoileanna a mbreithiúnas féin chun riachtanais a aithint agus idirghabhálacha éifeachtacha a cheapadh.

Níor cheart aon athrú teacht ar an **bpróiseas** trína gcomhlíontar riachtanais daltaí: D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an bpróiseas seo – údair imní a aithint, eolas a bhailiú agus idirghabháil a phleanáil agus a athbhreithniú – gach bliain i gcás daltaí leithéidí Daniel.

## Cás-Staidéar

| **Plean Tacaíochta Scoile**<br>**Maidir le: Daniel Ó Sé Dáta: Meán Fómhair 2008** | **Athbhreithniú agus Tuairimí** |
|---|---|
| **Réimsí Imní**<br>• Tá cuimhne éistitheach lag ag Daniel.<br>• Tá an litriú go dona aige. | |
| **Tuiscint ar na Deacrachtaí:**<br>• Tá fáthmheas disléicse ag Daniel (féach tuarascáil 04.04.07) | |
| **Na Straitéisí a Chuirfear i bhFeidhm:**<br>• Tugadh cóip de chomhairle an Tascfhórsa ar Dhisléicse do gach ball foirne. Nótáladh nár cheart iarraidh ar Daniel léamh os ard as téacs gan é a bheith ullmhaithe aige.<br>• Iarrtar ar an bhfoireann obair bhaile dhifreáilte a thabhairt dó nuair a bhíonn rudaí le cur de ghlanmheabhair (go háirithe sleachta filíochta nó sleachta as Shakespeare) toisc go mbeadh sé sin an-deacair ar Daniel.<br>• Iarrtar ar mhúinteoirí gan ach ceithre bhotún litrithe a mharcáil in aon phíosa oibre agus aird Daniel a dhíriú ar na príomhfhocail sa réimse ábhair sin.<br>• Tá díolúine ag Daniel ón nGaeilge agus beidh sé ag freastal ar an seomra tacaíochta foghlama ag an am sin chun cabhair a fháil le scileanna staidéir. Beidh sé ag foghlaim próiseáil focal, lena n-áirítear áis seiceála litrithe.<br>• D'fhéadfadh Daniel bheith i dteideal díolúine maidir le botúin litrithe agus ghramadaí (i dteangacha amháin) sa Teastas Sóisearach agus cuirfidh an fhoireann an díolúine sin i bhfeidhm agus obair Daniel á marcáil. | Fea 09<br>Beidh Daniel ag labhairt leis an ngairmchomhairleoir mar gheall ar dhíolúine ó theanga iasachta mar riachtanas iontrála ollscoile agus ar a rogha ábhar.<br><br>Tá na straitéisí i bhfeidhm agus iad ag obair go maith. |
| **Beidh a fhios againn go bhfuil feabhas ar an scéal nuair is féidir le Daniel:**<br>• Obair scríofa a tháirgeadh, ina léireofar a chumas ó bhéal.<br>• Úsáid éifeachtach a bhaint as straitéisí chun déileáil le deacrachtaí, agus as TF chun a dheacrachtaí a chúiteamh. | |
| **Dáta an Athbhreithnithe:** Déanfaidh Iníon Shiels athbhreithniú a phleanáil d'Eanáir 2009 | |
| **Síniú:**<br>**Múinteoir comhordaithe** **Tuismitheoir**<br>**Dalta** | |
| **An Chéad Athbhreithniú:** Fea 09 I láthair: Iníon Shiels agus Bean Uí Shé<br>Tá Daniel ar a chompord sa scoil. Tá foclóir ábhair á thiomsú aige de na príomhfhocail i ngach ábhar. Sa rang tacaíochta foghlama baineann sé úsáid as Englishtype agus táthar ag súil go gcuirfidh sé sin tuilleadh lena scileanna méarchláir agus próiseála focal. | |
| **An Dara Athbhreithniú:** Beal 09 | |

## Cás-Staidéar

### 3.3 Jane (riachtanais atá ag teacht chun cinn)

Dalta is ea Jane ar tháinig a **riachtanais chun cinn** fad a bhí sí san iar-bhunscoil. Mar sin tosaíodh ar riachtanais Jane a fhreagairt trí phróisis Thacaíocht do CHÁCH, ach le himeacht ama cuireadh na próisis ar leibhéal Thacaíocht Scoile i bhfeidhm maidir léi.

#### 3.3.1 Athbhreithniú ar phróisis Thacaíocht do CHÁCH

Dalta sa 2ú bliain is ea Jane. Ghlac sí páirt sa scagadh ar dhaltaí nua laistigh de mhí ó theacht isteach sa scoil sa chéad bhliain (ní raibh sí i láthair ag scagadh an phríomhghrúpa). Ghlac sí páirt sa chlár ionduchtúcháin do dhaltaí chéad bhliana agus ní raibh aon deacracht aici ar dtús. Mhínigh bunmhúinteoirí Jane cúinsí baile Jane dá múinteoirí nua ag an agallamh i dtaobh an athraithe go dtí an iar-bhunscoil. Thug an Múinteoir Teagmhála Baile Scoile is Pobail cuairt ar bhaile Jane agus chuir an scoil ar an eolas mar gheall ar athruithe i gcúinsí baile Jane i dtreo dheireadh na chéad bhliana. Bhí a tuismitheoirí tar éis scaradh le deireanas agus bhí Jane ina cónaí anois lena hathair, agus a máthair ina cónaí le páirtnéir nua. Taispeántar thíos na torthaí ón scagadh a rinneadh ar Jane.

**Tábla 1: Sonraí ó Scagadh ar Dhaltaí Chéad Bhliana**

| Ainm | DB | CA | Bl | NRIT | GRT | VMT | SWST |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | SS Cent | SS Cent | SS Cent | SS Cent |
| Jane | 04/04/95 | 13 bl | 1ú | 90, 25ú | 83, 13ú | 92, 30ú | 84, 14ú |

I mí Dheireadh Fómhair aithníodh sa scagadh iompraíochta go bhféadfadh Jane a bheith 'i mbaol'. Bailíodh eolas breise go leanúnach mar gheall ar thinreamh, foghlaim agus iompraíocht ar scoil. Chomhthiomsaigh an teagascóir ranga agus an Ceann Bliana an t-eolas sin. Toisc próifíl acadúil agus iompraíochta Jane, tugadh tús áite di ar scéim piarléitheoireachta na scoile (piartheagasc tras-aoise le dalta san Idirbhliain).

Ón eolas a bailíodh agus ó mhonatóireacht a rinneadh, tháinig sé chun solais go raibh riachtanais foghlama agus iompraíochta ag líon beag daltaí sa chéad bhliain, Jane ina measc, agus tinreamh neamhshásúil ag cuid acu. Achoimríodh cheana féin i gCaibidil 2, Cás-Staidéar i dTacaíocht do CHÁCH, na hidirghabhálacha a ceapadh chun díriú ar riachtanais na ndaltaí seo.

Ba leor na hidirghabhálacha sin i gcás mórchuid de na daltaí sin. Ach bhí tacaíochtaí breise de dhíth i gcónaí ar Jane agus ar líon beag daltaí eile. Ag tús na dara bliana cuireadh Jane go dtí an Ceann Bliana go minic i ngeall ar ráigeanna ionsaitheacha, tearcfheidhmíocht acadúil agus easpa spéise i gcoitinne. Bhí tinreamh Jane neamhshásúil i gcónaí agus b'annamh a bhíodh an obair bhaile ar fad déanta aici. Mar sin, measadh go n-oirfeadh an chéad chéim tacaíocht eile, **Tacaíocht Scoile,** do Jane.

## Cás-Staidéar

### 3.3.2 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú

Cuireadh cás Jane ar aghaidh lena phlé ag cruinniú den Fhoireann Tacaíochta. Níorbh í Jane an t-aon dalta a bhí ag déanamh imní don fhoireann. Bhí scata daltaí i Rang 2J ina n-údar imní agus mar sin bhí cuid de na próisis a ndéanfar cur síos orthu thíos ag feidhmiú ar leibhéal **grúpa**. Lena chois sin, d'iarr an teagascóir ar bheirt tuismitheoirí Jane teacht go dtí an cruinniú. Chas sí le hathair Jane chun go bpléifidís an tslí ab fhearr chun tacú le Jane ar scoil.

Thoiligh cúigear de na múinteoirí ábhair a mhúin na daltaí a bhí 'i mbaol', Jane ina measc, an Seicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC), Ranna A & B a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an gCeann Bliana. Tá **sampla** de Roinn B den LEC atáirgthe thíos. (Gheofar breis sonraí sa **Bheart Acmhainní (lch 6)**).

**Cairt Achomair, Roinn B, Timpeallacht Ranga** - a mhéad a dteastaíonn gníomh i ngach réimse de réir ÁBHAIR

| **Ainm an Ghrúpa Ranga / dalta - JANE (2J)** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | **Béarla** | **Gaeilge** | **Eol.** | **Stair** | **OSSP** |
| **Rialacha, gnáthaimh, duaiseanna, pionóis:** | | | | | |
| 3.1 Tá gnáthaimh ann maidir le bogadh timpeall an tseomra | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 3.2 Tá gnáthaimh shoiléire ann maidir leis an tslí a dtéann daltaí isteach i seomraí agus amach astu | 1 | 1 | 1 | 2 | 2 |
| 3.3 Tá gnáthaimh shoiléire ann maidir le dáileadh agus bailiú ábhar | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 3.4 Tá gnáthaimh ann maidir le hathrú gníomhaíochtaí | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 3.5 Tá gnáthaimh ann maidir le tost nó aird a lorg | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 |
| 3.6 Tá gnáthaimh ann maidir le glanadh | 1 | 1 | 1 | 2 | 2 |
| 3.7 Déantar na rialacha a idirbheartú leis na daltaí agus tuigeann siad iad | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 |
| 3.8 Is beag riail atá ann, ach tá siad soiléir agus déantar tagairt dóibh go minic | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 |
| 3.9 Cuirtear rialacha i láthair ar shlí dhearfach agus athneartaítear iad | 1 | 2 | 2 | 2 | 1 |
| 3.10 Tá na rialacha ar taispeáint go soiléir sa seomra ranga | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 3.11 Múintear rialacha agus gnáthaimh dea-iompraíochta | 2 | 2 | 3 | 2 | 1 |
| 3.12 Duaiseanna beaga insroichte a thairgtear | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 |
| 3.13 Tugtar ainm ar dhuaiseanna | 2 | 2 | 3 | 3 | 3 |
| 3.14 Baineann an rang ar fad tairbhe as duaiseanna | 2 | 2 | 3 | 3 | 3 |
| 3.15 Bronntar duaiseanna ar shlí atá cothrom seasta | 2 | 2 | 1 | 3 | 3 |
| 3.16 Bíonn nasc idir duaiseanna agus córas duaiseanna na scoile | 3 | 3 | 3 | 2 | 2 |
| 3.17 Gearrtar pionós ar shlí atá cothrom seasta | 2 | 2 | 3 | 3 | 2 |
| 3.18 Tuigeann na daltaí na pionóis atá ann | 1 | 1 | 2 | 3 | 3 |
| 3.19 Tuigeann tuismitheoirí agus cúramóirí na pionóis atá ann | 3 | 3 | 3 | 3 | 2 |
| 3.20 Pionóis shoiléire cuí atá iontu | 2 | 2 | 3 | 3 | 3 |
| 3,21 Mínítear gnáthaimh agus rialacha an tseomra ranga go soiléir, tuigeann na daltaí ar fad iad agus cuirtear i bhfeidhm go seasta iad | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |

# Cás-Staidéar

### 3.3.3 Pleanáil agus idirghabháil

Aithníodh tosaíochtaí áirithe tríd an b**Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama**. Rud amháin ba thrúig le ráigeanna ionsaitheacha ná na daltaí a bheith á dtógáil as an rang príomhshrutha chun dul chuig Tacaíocht Foghlama. Seo mar a rinneadh:

- Cheap gach múinteoir ábhair plean suí dá rang féin.
- Ceapadh agus múineadh cúig cinn de rialacha soiléire ranga (na múinteoirí ábhair agus na teagascóirí araon a mhúin).
- Rinneadh monatóireacht ar na rialacha agus cuireadh córas ranga i bhfeidhm chun breith ar dhaltaí agus iad 'ag cloí leis na rialacha'.
- Riail amháin ná go mbeadh fillteán ar leith ag gach dalta do gach rang.
- D'aontaigh na múinteoirí ábhair na fillteáin a choimeád ina gcuid seomraí.
- Chuaigh na daltaí díreach go dtí Tacaíocht Foghlama sular thosaigh an rang (rinneadh an gnáthamh seo a thaispeáint agus a chleachtadh go dtí go raibh sé foghlamtha ag gach dalta).

Cuireadh na straitéisí sin i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair na dara bliana. Ach faoi Eanáir na bliana dár gcionn ba léir go raibh riachtanais bhreise ag Jane agus atreoraíodh í go dtí an Fhoireann Tacaíochta. Tar éis cruinniú pleanála, beartaíodh idirghabhálacha breise do Jane, agus tá cuntas orthu siúd ar Fhoirm Chomhairliúcháin na Foirne Tacaíochta. Aontaíodh go scaipfí Plean Gníomhaíochta na Foirne Tacaíochta ar an fhoireann ar fad a bhí ag obair le Jane agus thairg Iníon Uí Ruairc (teagascóir) bheith ina **múinteoir comhordaithe**.

Ba cheart a nótáil nár le Jane go sonrach a bhain an Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama (níor fhreastail sí ar Thacaíocht Foghlama, cuir i gcás), ach gur idirghabháil ghrúpa a bhí ann, a d'fhéach le freastal ar riachtanais roinnt daltaí dúshlánacha dara bliana a bhí i mbaol. Le Jane amháin a bhain Cruinniú Comhairliúchán na Foirne Tacaíochta ach is gnách scata daltaí a phlé ag cruinniú den Fhoireann Tacaíochta.

Gheofar cóipeanna de na foirmeacha dá dtagraítear anseo sa **bheart acmhainní**. Gheofar an Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama ar lch. 19 agus teimpléad do chruinnithe den Fhoireann Tacaíochta ar lch. 52. Gheofar teimpléad de Phlean Gníomhaíocht na Foirne Tacaíochta ar lch. 53.

# Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama

**Seicliosta arna chomhlánú ag:** *múinteoirí Eolaíochta, Béarla, Gaeilge, Staire, OSSP* **Dáta:**

**Fócas an idirghabhála:**(ticeáil) – **Tacaíocht scoile uile Tacaíocht ranga √**
**Réimsí tosaíochta: Timpeallacht na scoile uile Timpeallacht ranga √ Timpeallacht shóisialta/idirphearsanta √**

| **Gnéithe laistigh den réimse/de na réimsí tosaíochta ar gá gníomhú maidir leo (a aithníodh ón seicliosta):**<br>*Roinn B - Tosca fisiceacha – socruithe suí*<br>*Roinn B – Rialacha & gnáthaimh* | | | |
|---|---|---|---|
| | **Gníomhartha** | **Gníomh indéanta tá/níl** | **Má tá, conas:** |
| **1** | *Plean suí* | *tá* | • *Cheap gach múinteoir ábhair plean suí dá rang féin* |
| **2** | *Rialacha ranga* | *tá* | • *3-5 riail ranga sainithe go soiléir maidir le gach ábhar,*<br>• *na rialacha a mhúineadh go sonrach do na daltaí,*<br>• *monatóireacht & admháil déanta orthu trí chóras ranga de 'bhreith ar na daltaí maithe" (leathanach Jenny Masley)* |
| **3** | *An t-aistriú go dtí Tacaíocht Foghlama* | | • *Aontaíodh é leis an múinteoir Tacaíochta Foghlama go rachadh daltaí díreach chuig Tacaíocht Foghlama sular thosaigh tréimhse an ranga phríomhshrutha* |
| **4** | *Fillteáin ranga* | | • *Bheadh fillteán ag na daltaí maidir le gach rang.*<br>• *D'aontaigh na múinteoirí ábhair na fillteáin a choimeád ina gcuid seomraí.* |
| **Dáta an Athbhreithnithe:**<br>**Síniú:** | | | |

## Cás-Staidéar

**3.3.4 Monatóireacht agus athbhreithniú**
Thairg Iníon Uí Ruairc bheith ina múinteoir comhordaithe. Chinnteodh sí feidhmiú Phlean na Foirne Tacaíochta agus chomhordódh sí eolas mar gheall ar dhul chun cinn Jane. Ag cruinniú athbhreithnithe i Márta le linn chruinniú den Fhoireann Tacaíochta nótáladh go raibh laghdú tagtha ar imní mar gheall ar iompraíocht Jane (ní raibh ach dhá phointe araíonachta tuillte aici le sé seachtaine anuas) agus go raibh a cuid oibre acadúla ag dul i bhfeabhas. Bhí feabhas ar a tinreamh, agus bhí sí i láthair le dhá mhí anuas ach amháin ar dhá lá. Bhí formhór na múinteoirí ábhair ag súil le pas a thabhairt di i scrúduithe an tsamhraidh. Aontaíodh go raibh gá fós le **Tacaíocht Scoile** ach bhí deireadh tagtha leis na seisiúin chomhairleoireachta ghrúpa. Bhí seisiúin duine le duine á n-ofráil anois do Jane gach trí seachtaine. Bhí áthas ar an múinteoir HSCL a thuairisciú go raibh Jane tar éis dul isteach i gclub rince tar éis na scoile agus go raibh sult á baint aici as. Bhí súil aici le bheith páirteach i bParáid Lá 'le Pádraig. Sampla é seo d'idirghabháil nár pleanáladh go sonrach ar dtús, ach a tháinig le chéile i gcaitheamh tréimhse idirghabhála (comhoibriú idir an treoirchomhairleoir, múinteoir corpoideachais agus múinteoir HCSL) agus ós rud é gur éirigh leis Jane a mhealladh le bheith páirteach i saol na scoile, is fiú é a dhoiciméadú. Déanfar athbhreithniú eile ar Jane ag deireadh an téarma seo chugainn.

D'oibrigh an treoirchomhairleoir le Jane chun go socródh sí a spriocanna féin. Ní raibh Jane i láthair ag an gcruinniú athbhreithnithe i mí an Mhárta ach b'eol di an cruinniú a bheith ann agus chuir sí a tuairimí in iúl tríd an ngairmchomhairleoir. Thuairiscigh Jane gur bhraith sí gurb í an eacnamaíocht bhaile an t-ábhar ab fhearr aici agus thaitin na measúnuithe praiticiúla léi. B'eol di go raibh sí ag dul i bhfeabhas ar scoil. Ina dhiaidh sin, chas an treoirchomhairleoir agus Iníon Uí Ruairc (teagascóir) ar Jane chun a dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile a phlé léi.

Ní mór a nótáil nach bhfuil Plean Tacaíochta Aonair ag Jane, mar a bhí ag Daniel. Is amhlaidh toisc go bhfuil a cuid tacaíochta bunaithe ar dhá eilimint, Plean Timpeallachta Foghlama **grúpa** agus Comhairliú **aonair** leis an bhFoireann Tacaíochta. Ní cabhair é i gcónaí agus ní fiú é go minic iarraidh ar mhúinteoirí foirmeacha ar leithligh a chomhlánú, ach amháin má rannchuidíonn taifid dá sórt le pleanáil agus idirghabhálacha éifeachtacha. A fhad a choimeádtar taifid, ní gá aon leagan amach ar leith a bheith orthu, ach moltar cloí le struchtúir na scoile a mhéad is féidir.

## Cás-Staidéar

### Taifead Chruinnithe na Foirne Tacaíochta

***Dáta an chomhairlithe: 17/01/2009***
***I láthair:*** *Teagascóir 2J, Ceann na Dara Bliana, Treoirchomhairleoir, Múinteoir HSCL, Leas-Phríomhoide*
***Ainm an dalta:*** *Jane*

***Údair imní/saincheisteanna:***

- Ráigeanna ionsaitheacha
- Bheith gan obair bhaile, leabhair, cóipleabhair
- Easpa spéise sa scoil
- Tinreamh

***Cad iad cumais nó nearta an dalta?***

- Is cosúil gur mhaith léi teorainneacha agus cobhsaíocht a bheith aici
- Déanann an-iarracht sa mhatamaitic
- An cumas inti í féin a iompar go maith, bheith tíriúil fiú
- Glacann freagracht uirthi féin agus cabhraíonn sí sa rang eacnamaíocht bhaile

***Cad iad na straitéisí a bhfuil ag éirí leo faoi láthair?***

- Comhrá ag an bhfoireann chúraim
- Plean suí ranga
- Rialacha ranga
- Fillteáin sa rang

**Plean Gníomhaíochta**

| **Cé na gníomhartha:** | **Conas:** | **Cé a dhéanfaidh iad?** |
|---|---|---|
| Comhairleoireacht ghrúpa chun díriú ar fhreagracht phearsanta agus deis a thabhairt do Jane a cuid mothúcháin a chur i bhfocail, le triúr eile | Comhairleoireacht ghrúpa seachtainiúil, le linn am staire Déardaoin | Treoirchomhairleoir |
| Scileanna eagraíochtúla a mhúineadh do Jane | Seiceálfaidh an teagascóir le Jane ag tús an lae. Smaoineamh ar sheiceáil an bhféadfadh cara (Sarah) bheith ina páirtí aici chuige seo | Teagascóir<br><br>Cara |
| Iarraidh ar Jane bheith freagrach as tascanna simplí ranga. | Iarraidh uirthi cóipleabhair a thabhairt amach, ábhair a bhailiú, teachtaireacht a thabhairt, srl. | Múinteoirí ábhair |
| Jane a mhealladh lena spriocanna féin a shocrú, maidir le gnóthachtáil acadúil agus iompraíochta (measúnú comhroinnte agus féinmheasúnú) | Jane a bheith páirteach sa phleanáil maidir leis an méid a bhainfidh sí amach i ngach ceacht/ábhar go dtí leath-théarma. | Múinteoirí ábhair<br><br>Teagascóir |

Múinteoir comhordaithe: Iníon Uí Ruairc (teagascóir)
Le hathbhreithniú: 05.03.09, Cruinniú den Fhoireann Tacaíochta.

## Cás-Staidéar

| |
|---|
| **Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta na Foirne Tacaíochta**<br>**Nóta Comhaid maidir le: Jane** **Dáta an Phlé: 05/03/2009**<br>D'fhreagair Jane go maith do na hidirghabhálacha pleanáilte. Taitníonn sé léi freagrachtaí a bheith aici agus misníodh í chun dul isteach sa ghrúpa rince agus dul i gceannas ar an seinnteoir ceoil/DVD. Tá feabhas mór ar a tinreamh agus a dearcadh agus braitheann múinteoirí ábhair (ach amháin na múinteoirí Fraincise agus Gnó, b'fhéidir) go bhfaighidh sí pas i scrúduithe an tsamhraidh. Níor mhair an córas páirtíochta maidir le féineagrú ach coicís, ach is cosúil gur éirigh leis Jane a chur á heagrú féin, ach níor thaitin sé léi duine éigin a bheith ag coimeád súil uirthi. Ghlac Jane páirt fhonnmhar sa chomhairleoireacht ghrúpa. Tá deireadh leis na seisiúin sin anois, ach beidh seisiúin aonair ag Jane gach trí seachtaine as seo amach.<br>Síniú:<br>Iníon Uí Ruairc (teagascóir) |

### 3.3.5 Creat ar Mhaithe le Réiteach

## Creat ar Mhaithe le Réiteach

| | |
|---|---|
| Cad é an t-údar imní? Cad iad na rudaí is bonn don údar imní?<br>• Údair imní mar gheall ar iompraíocht (ráigeanna ionsaitheacha), an dearcadh i leith na scoile agus tinreamh míshásúil. Aithníodh na húdair sin as sonraí a bailíodh ó mhonatóireacht ar an scoil uile (tinreamh, scagadh daltaí nua) agus tríd an dalta a bheith atreoraithe chuig an teagascóir ag múinteoirí éagsúla ábhair.<br>• Bailíodh eolas tríd an Seicliosta Thimpeallacht Foghlama (ranna B & C) a chomhlánú, trí dhul i gcomhairle lena hathair agus trí eolas a roinnt ag Cruinniú den Ghrúpa Cúraim. | Údar imní a aithint & eolas a bhailiú |
| Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí leo? & Conas is féidir linn cabhrú?<br>• I measc na n-idirghabhálacha bhí freagairt ghrúpa a cheapadh ar shaincheisteanna áirithe, ag úsáid an Seicliosta Thimpeallacht Foghlama mar uirlis phleanála<br>• Chuaigh an Grúpa Cúraim i gcomhar le chéile agus phleanáil siad idirghabhálacha, le raon straitéisí do mhúinteoirí ábhair agus don teagascóir<br>• Cuireadh comhairleoireacht ghrúpa ar fáil sa scoil | Pleanáil agus idirghabháil |
| Ar oibrigh sé? Cad é an chéad rud eile is gá a dhéanamh?<br>• Shocraigh Jane síos agus d'fhreagair sí don chineál tacaíochta seo<br>• Tháinig feabhas ar thinreamh agus d'éirigh níos fearr le Jane sna hábhair acadúla.<br>• Ag an gcruinniú athbhreithnithe aithníodh nár mhór leanúint den mhonatóireacht agus den chomhairleoireacht aonair | Monatóireacht agus athbhreithniú |

# CAIBIDIL 4

## Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)

## Tús Eolais

Féachann an chaibidil seo ar an tslí a bhféadfadh scoileanna tacú le daltaí a bhfuil riachtanais níos casta agus níos seasmhaí acu. Arís, an creat ar mhaithe le réiteach is ea a úsáidtear. Tá dhá chás-staidéar thíos, a léiríonn an tslí leis na hacmhainní agus na teimpléid éagsúla a úsáid (a gheofar sa **bheart acmhainní**.) I gcás Aoife áiríodh Seicliosta Bailithe Eolais agus Plean Oideachais Aonair (IEP) a bhí EPSEN-chomhlíontach. Léiríonn cás-staidéar Sheáin an úsáid a bailíodh as an bhFoirm Shuirbhé ar Mhúinteoirí Ábhair agus as Seicliosta Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil. Tá Plean Dea-Iompraíochta ag Seán (leis an Leathanach Spriocanna Dalta agus sampla de Chruinniú Athbhreithnithe).

## 4.1 Tacaíocht do LÍON BEAG DALTAÍ: Foramharc

De ghnáth bíonn tacaíochtaí aonair níos déine i gceist le próisis Thacaíocht Scoile Móide agus d'fhéadfadh gairmithe agus seirbhísí tacaíochta seachtracha a bheith i gceist. Baintear úsáid as Tacaíocht Scoile Móide i gcás daltaí a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha/agus nó riachtanais throma agus casta acu, agus a meastar nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh acu d'ainneoin idirghabhálacha a pleanáladh agus a athbhreithníodh go cúramach ar na leibhéil roimhe seo. Sna hiar-bhunscoileanna, bheadh an leibhéal tacaíochta sin ag mórchuid daltaí ar theacht isteach sa scoil dóibh, toisc riachtanais aitheanta doiciméadaithe a bheith acu. D'fhéadfadh riachtanais a bheith ag daltaí eile nach dtiocfadh chun cinn go dtí go mbeidís san iar-bhunscoil.

D'fhéadfadh daltaí áirithe a gcomhlíontar a riachtanais thrí Thacaíocht Scoile Móide bheith faoi chuimsiú théarmaí an **Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu (EPSEN) 2004**. Ar an tslí chéanna, tairbheoidh daltaí áirithe ar an leibhéal seo d'idirghabhálacha ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide ach ní bheidís faoi chuimsiú théarmaí EPSEN. D'fhéadfadh daltaí a bhfuil míchumais ardmhinicíochta nó míchumais ísealmhinicíochta acu, faoi mar a shainítear iad in Imlitir Oideachais Speisialta na Roinne Oideachais agus Scileanna 09/04, a bheith sa ghrúpa seo.

I gcás ina ndéantar tagairt do riachtanais EPSEN aibhsítear é sin.

Arís, struchtúir úsáideacha is ea struchtúir an chreata ar mhaithe le réiteach agus tá siad leagtha amach thíos.

### 4.1.1 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú

- De ghnáth glacfaidh múinteoir ról an chomhordaitheora chun próisis Thacaíocht Scoile Móide a phleanáil agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- I gcás riachtanas aitheanta doiciméadaithe, ba cheart go gcabhródh eolas a bheadh ar fáil tráth an aistrithe/an chláraithe chun cinneadh a dhéanamh cibé an gá tacaíocht a sholáthar don dalta ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide nó nach gá.
- I gcás daltaí a bhfuil a riachtanais ag teacht chun cinn, cabhair a bheidh san eolas a bhaileofar le linn na bpróiseas Thacaíocht do CHÁCH agus Thacaíocht Scoile.

D'fhéadfadh an Seicliosta Bailithe Eolais (**Beart Acmhainní lch.32)** bheith ina chabhair do scoileanna chun eolas a bhailiú ó gach foinse fhéideartha. Lena chois sin, tá seicliosta molta in alt 2.1 de threoirlínte na Comhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta ar an bPlean Oideachais Aonair (IEP) mar shlí le heolas a bhailiú. Mar chuid den bhailiú eolais sin, d'fhéadfadh an múinteoir comhordaithe, le toiliú na dtuismitheoirí, cabhair a lorg ó ghairmithe seachtracha cuí (m.sh. múinteoirí cuartaíochta, síceolaithe seachtracha, teiripeoirí urlabhra agus teanga srl.



Tá ról ríthábhachtach ag síceolaithe oideachais sa phróiseas ar mhaithe le réiteach ar an leibhéal seo. Oibríonn síceolaithe NEPS i gcomhar le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le daltaí chun fadhbanna a shoiléiriú, trí chomhairliú agus trí chomh-mheasúnú breise. Ag brath ar an eolas a bhailítear d'fhéadfadh an síceolaí dul i gcomhar le múinteoirí agus tuismitheoirí chun idirghabhálacha a phleanáil ina gcuirfí nearta an dalta san áireamh agus ina ndíreofaí ar na riachtanais aitheanta.

I gcás daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu, d'fhéadfadh measúnú an-sainiúil a bheith ag teastáil chun na húdair imní a aithint agus eolas a bhailiú fúthu. Mar shampla, d'fhéadfadh dalta a bhfuil Neamhord aige nó aici ar Speictream an Uathachais deacrachtaí éagsúla foghlama agus iompraíochta a léiriú. Chun tuiscint a fháil ar iompraíocht ar leith d'fhéadfadh tuiscint ar fheidhm na hiompraíochta sin don dalta (anailís fheidhmeach) a bheith riachtanach agus d'fhéadfadh breathnóireacht struchtúrtha agus anailís ar réamhtheachtaí agus ar iarmhairtí na hiompraíochta a bheith de dhíth.

### 4.1.2 Pleanáil agus idirghabháil

Bíonn gá le cineál éigin plean aonair de ghnáth ag an bpointe sin. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla pleananna a bheith i gceist, ach is dóchúla ná a mhalairt go gcloífidh siad leis an dea-chleachtas atá leagtha amach sna Treoirlínte ar Phróiseas Pleanála um Oideachas Aonair arna n-eisiúint ag an NCSE sa bhliain 2006, ina sonraítear:

A mbeadh i bPlean Oideachais Aonair (IEP): (de réir EPSEN)

- Nádúr agus céim chumais, scileanna agus buanna an dalta
- (Nádúr agus céim riachtanais speisialta oideachais an dalta agus an tionchar atá acu sin ar dhul chun cinn an dalta)
- Feidhmíocht oideachais an dalta i láthair na huaire
- Riachtanais speisialta oideachais an dalta
- Na seirbhísí tacaíochta oideachais speisialta agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthrófaí chun go dtairbheodh an dalta sin den oideachas
- Na spriocanna a bheidh le baint amach ag an dalta i dtréimhse nach faide ná 12 mhí, m.sh.
    - Príomhriachtanais foghlama an dalta
    - Na spriocanna a bheidh le baint amach sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma
- Na socruithe monatóireachta agus athbhreithnithe a chuirfear i bhfeidhm

D'fhéadfadh gairmithe lasmuigh den scoil dul i mbun oibre díreach leis an dalta nó d'fhéadfaidís feidhmiú mar chomhairleoirí, ag tacú leis na múinteoirí ábhair agus an múinteoir tacaíochta foghlama /acmhainne chun an plean a chur i bhfeidhm.

Ba cheart tuismitheoirí an dalta agus an dalta féin (ar shlí a bheadh oiriúnach dá aois nó dá haois) a bheith bainteach le ceapadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an IEP.

Ar Acht EPSEN 2004 a bheith curtha i bhfeidhm ina iomláine rachfar i gcomhairle leis an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais i dtaca le IEP a ullmhú do dhaltaí a thagann faoi chuimsiú an Achta agus gheobhaidh siad cóip den phlean sin.

Cibé leagan amach a bhíonn ar an IEP, cabhair a bheadh ann a bheith feasach gur doiciméad oibre é agus go bhféadfadh leasú agus athbhreithniú a bheith riachtanach le linn na tréimhse feidhmiúcháin.

Nóta: Tá Creatchuraclam á dhréachtú ag an CNCM do na daltaí sin sa tsraith shóisearach a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ar dócha nach rachaidh siad ar aghaidh go dtí scrúduithe an Teastas Shóisearaigh. Chun tacú le teagasc agus foghlaim daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá treoirlínte ar fáil do mhúinteoirí daltaí atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama agus daltaí sárchumais. Gheofar sonraí eile ar www.ncca.ie/inclusion

### 4.1.3 Monatóireacht agus athbhreithniú

Ar leibhéal Thacaíocht Scoile Móide ba cheart don mhúinteoir comhordaithe an próiseas athbhreithnithe a eagrú. Ba cheart iarraidh ar thuismitheoirí rannchuidiú leis an athbhreithniú sin. Ba cheart gairmithe lasmuigh agus an tEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais a bheith bainteach leis, a mhéad is gá nó is cuí.

Ba cheart don athbhreithniú díriú ar:

- Dul chun cinn i leith spriocanna an dalta (Más sásúil dul chun cinn an dalta, d'fhéadfaí IEP athbhreithnithe a cheapadh. Má mheastar gur gá ceartú a dhéanamh ar an IEP, ba cheart plean nua nó plean oiriúnaithe a cheapadh. )
- Aon eolas nua agus /nó torthaí ar mheasúnú
- A éifeachtaí a bhí na straitéisí/na modheolaíochtaí a úsáideadh
- A éifeachtaí a bhí na hábhair/an trealamh a cuireadh ar fáil
- A éifeachtaí a bhí na tacaíochtaí (aonair, grúpa, ranga) a cuireadh ar fáil
- Gníomh sa todhchaí

Má bhíonn dul chun cinn an dalta sásúil i gcónaí tar éis an athbhreithnithe, d'fhéadfadh gach páirtí leasmhar an fad ama idir chruinnithe athbhreithnithe a mhéadú de réir a chéile. I gcás athrú a bheith tagtha ar riachtanais an dalta, d'fhéadfadh gach páirtí leasmhar a shocrú nach bhfuil gá ag an dalta níos mó leis an dianleibhéal tacaíochta a ghabhann le Tacaíocht Scoile Móide agus go bhféadfaí na riachtanais a chomhlíonadh go cuí ar leibhéal Thacaíocht Scoile.

## Cás-Staidéar

### 4.2.Cás-Staidéar – Aoife (riachtanais aitheanta doiciméadaithe)

Dalta is ea Aoife a bhfuil riachtanais aitheanta doiciméadaithe aici agus a bhfuil próiseas pleanála aonair i bhfeidhm maidir léi le blianta fada. Gheofar an sampla seo i dTreoirlínte an NCSE, leis, ar Phróiseas an Phlean Oideachais Aonair agus réitíonn a bhfuil san IEP mar sin le forálacha an Achta um Oideachas do Dhaoine a Bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN).

4.2.1 Tús Eolais ar Aoife

I gcás Aoife, cuirtear sampla de Sheicliosta Bailithe Eolais comhlánaithe ar fáil, chun an próiseas sin a léiriú. Cailín sé bliana déag d'aois is ea Aoife, a bhfuil scolóis dhian uirthi ón mbroinn. Tá sí sa chúigiú bliain san iar-bhunscoil áitiúil. Cónaíonn sí lena máthair agus deirfiúr níos óige. Is maith léi bheith ag léamh agus ag féachaint ar chláir fhaisnéise ar an teilifís. Tá eolas maith aici ar chúrsaí reatha agus tuairimí láidre aici mar gheall ar shaincheisteanna comhionannais agus ceartais sóisialta. Tar éis cruinniú pleanála IEP, scríobh Aoife an chuid sin den phlean a phléann le spriocanna agus straitéisí, le cabhair ó Susan Kelly, an gairmchomhairleoir.

Glacann Aoife páirt i scéim ina meaitseáiltear daltaí cúigiú bliana le daltaí chéad bhliana chun tacaíocht meantóireachta a sholáthar dóibh. Cuireadh oiliúint i scileanna meantóireachta ar Aoife mar chuid de chlár na hIdirbhliana. Níl sonraí an chláir sin ar áireamh san IEP toisc go mbaineann sé le cláir Thacaíocht do CHÁCH i scoil Aoife.

## Seicliosta Bailithe Eolais

AINM: Aoife O'Sullivan DB 21.10.89 RANG 5ú Bliain DÁTA 26.09.05

| EOLAS GINEARÁLTA | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| Chuathas i gcomhairle leis na tuismitheoirí | ✓ | Chas Margaret O'Sullivan le Ms Burke chun plean don bhliain seo a phlé léi. Braitheann sé gur mhéadaigh féinmhuinín Aoife go mór i gcaitheamh na hIdirbhliana. Níl sí fós ach ag cur eolais ar shaol na hoibre agus bheadh cabhair uaithi chun roghanna gairme a dhéanamh. |
| Athbhreithniú ar an Aistriú chuig an Iar-bhunscoil | N/bh | |
| Eolas a bailíodh ón scoil roimhe seo, nó ó iar-mhúinteoirí | | Féach tuairiscí scoile ón mbliain seo caite. |
| Éisteacht/Radharc | N/bh | |
| Scileanna Mótair / Comhordú, gluaiseacht | | Is féidir le hAoife bogadh timpeall na scoile go neamhspleách. Ach éiríonn sé tuirseach go minic agus bíonn droch-chuma ar a staidiúir uaireanta. Ní mór di leanúint de ríomhaire a úsáid chun obair scríofa a dhéanamh, toisc luas íseal próiseála a bheith aici. |
| Scileanna cumarsáide / teanga bhéil / éisteacht | | Cailín deisbhéalach í Aoife agus cuireann sí í féin in iúl go soiléir agus go daingean. Cé gur féidir léi treoracha a leanúint gan dua, d'fhéadfadh scileanna éisteachta níos tuisceanaí a bheith de dhíth uirthi. |
| Riachtanais Mhíochaine | | Bhí Aoife as láthair 57 lá anuraidh, ag fáil cóiríocht mhíochaine. Tá sí faoi athbhreithniú ag an Dr. Walsh, Ospidéal Leanaí Chroimghlinne, ach ní dócha go rachaidh sí faoin scian arís go ceann dhá bhliain. |
| Eolas ón scagadh ar dhaltaí nua | N/bh | |

| GINEARÁLTA EOLAS ar leanúint... | SEICEÁILTE (TÁ/NÍL) | ACHOIMRE AR AN EOLAS |
|---|---|---|
| Tástáil dhiagnóiseach / measúnuithe eile | | Léirigh DATS* a rinneadh anuraidh go bhfuil Aoife os cionn an mheáin ó thaobh reasúnaíocht bhriathartha agus réasúnaíocht theibí, agus meánach ó thaobh réasúnaíocht uimhríochtúil agus réasúnaíocht spásúil. |
| Breathnóireacht ar stíl foghlama / cur chuige i leith na foghlama | | Deir a múinteoirí ábhair go bhfuil Aoife neamhchúramach i leith obair scoile agus gur minic nach mbíonn an obair bhaile críochnaithe aici. |
| Breathnóireacht ar iompraíocht | | Tugtar faoi deara go bhfuil tuairimí láidre ag Aoife agus nach mbíonn sí sásta uaireanta éisteacht le tuairimí daoine eile. |
| Agallamh leis an dalta | | Beidh agallamh ag Aoife leis an ngairmchomhairleoir chun spriocanna a shocrú. |
| Díolúine ón nGaeilge | N/bh | |
| Ualach laghdaithe ábhar | | Aontaíodh go ndéanfadh Aoife 6 ábhar don Ardteistiméireacht agus go mbainfeadh sí úsáid as an am ranga eile chun staidéar a dhéanamh agus tacaíocht spriocdhírithe a fháil. |
| Curaclam Speisialta | | |
| Difreáil sa Rang | | Ní mór spás a bheith ag Aoife dá tacaíochtaí agus dá trealamh TF. |
| Oiriúnú ar an timpeallacht foghlama | | Ní mór bloc coise agus taca droma a bheith ag Aoife sa rang. |
| Oiriúnú ar thimpeallacht an chlóis / na scoile | | |
| Comhairliúchán le gairmithe lasmuigh | | Iarradh ar Enable Ireland comhairle a sholáthar le go bhféadfadh Aoife a bheith rannpháirteach sa rang corpoideachais. |
| Idirghabhálacha eile atá i bhfeidhm sa scoil | | |
| GNÍOMH AG TEASTÁIL | | Ní mór don tuismitheoir, don teagascóir, don mhúinteoir acmhainne agus don ghairmchomhairleoir IEP nua a cheapadh agus a phlé. |
| GNÍOMHARTHA AONTAITHE LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN BHFOIREANN CHUÍ | | Beidh cruinniú i mí na Nollag chun an IEP a phleanáil. |

* Differential Aptitude Tests for Schools

## Cás-Staidéar

**PLEAN OIDEACHAIS AONAIR**

**Ainm an Dalta**: Aoife O'Sullivan **Dáta Breithe**: 21-10-1989 **Rang**: 5U **Bliain**: 5ú

**Seoladh**: 16, Summerhill **Ainm an Tuismitheora**: Margaret O'Sullivan

**Teagascóir Ranga**: Mark McCarthy **Ceann Bliana**: Anne Breen

**Múinteoir Acmhainne**: Eileen Burke **Treoir agus Gairmchomhairleoir**: Susan Kelly

**SENO:** Martin Purcell

**Dáta an Chruinniú IEP**: 06-12-05

**I láthair**: Aoife & Margaret O'Sullivan, Susan Kelly, Eileen Burke & Mark McCarthy

**Comhordaitheoir IEP:** Susan Kelly

**Dáta Tosaithe**: 16-01-2006 **Dáta an Athbhreithnithe**: 08-05-06

**Síniú**: **Dáta**:

**Nádúr a Riachtanais Speisialta Oideachais & a dTionchar ar Fhorbairt Oideachasúil**

Tá scolóis dhian ar Aoife ón mbroinn. Rinneadh máinliacht cheartaitheach uirthi anuraidh agus bhí sí as láthair ón scoil ar feadh roinnt míonna. Cé gur laghdaigh an mháinliacht an cuar ina cnámh droma, ciallaíonn strus staidiúire go dtiteann sí ina cnap fós agus í ina suí. Dá bhrí sin, bíonn sé deacair uirthi díriú ar a cuid oibre agus tascanna mínluaile a dhéanamh. Tagann sí i láthair mar chailín éirimiúil. Ach bíonn a marcanna sna hábhair acadúla ar fad i bhfad faoi bhun a leibhéal cumais.

**Oideachais Speisialta agus Seirbhísí Tacaíochta Gaolmhara**

Faigheann Aoife teagasc tacaíochta ar feadh trí huair an chloig sa tseachtain. Tá sé le dul faoi mheasúnú in *Enable Ireland* chun clár corpoideachais oiriúnach a cheapadh di.

**Scrúduithe/Measúnú**

Déanfaidh Aoife Béarla, Fraincis agus Stair Ardleibhéal agus Mata, Gaeilge agus Bitheolaíocht Ghnáthleibhéal san Ardteistiméireacht sa bhliain 2007.

**Socruithe ag Teastáil**: Ionad speisialta, 30 nóim. d'am breise, úsáid ríomhaire glúine (i scrúduithe inmheánacha agus sna scrúduithe Stáit)

## Cás-Staidéar

**<u>Leibhéil Feidhmíochta Reatha</u>**

Scóráil Aoife sa mheánraon ard ar scála ó bhéal an *WISC III* (Samh. 2004). Scóráil sí sa raon meánach ar an scála feidhmíochta. Tugadh faoi deara a mhoille a bhí sí ag déanamh na tascanna ar fad sna trialacha. Tugadh faoi deara, leis, gur dheacair di leanúint ar aghaidh le tascanna.

Chuir a feidhmíocht ar na *Differential Aptitude Tests for Schools (DATS)* i mí na Nollag Aoife sa raon os cionn an mheáin i gcás réasúnaíocht bhriathartha agus réasúnaíocht theibí agus sa raon meánach i gcás réasúnaíocht uimhríochtúil agus réasúnaíocht spásúil.
Is iad Béarla agus Fraincis na hábhair is fearr léi. Fuair sí pas sna hábhair sin sna scrúduithe meántéarma (Samh. 2005). Fuair sé grád E sa Mhata, sa Stair agus sa Bhitheolaíocht agus F sa Ghaeilge. Tuairiscíonn a múinteoirí nach bhfuil sí inspreagtha a dóthain agus gur minic a theipeann uirthi obair bhaile a chríochnú agus a thabhairt don mhúinteoir.

Bíonn fonn uirthi cumarsáid a dhéanamh lena piaraí. Ní mór di foghlaim conas bheith ina ball d'fhoireann agus éisteacht le daoine agus aird a thabhair ar a dtuairimí i rith díospóireachtaí ranga.

Baineann sí úsáid as ríomhaire glúine agus tá luas clóscríofa de 15 focal sa nóiméad aici. Chun a staidiúir a cheartú, baineann sí úsáid as taca droma agus as bloc coise fad a bhíonn sí ina suí ag a deasc.

Is é mian Aoife céim thríú leibhéal a fháil i staidéar dlí agus dul i mbun oibre le gníomhaireacht forbartha sa tríú domhan.

| **Cumais, Scileanna agus Buanna** | **Chun gur féidir le hAoife a spriocanna pearsanta a bhaint amach, ní mór di:** |
|---|---|
| Gealgháireach agus féith an ghrinn inti<br>Éirimiúil<br>Deisbhéalach<br>Neamhspleách<br>Diongbháilte<br>Braistint ceartais agus cothromaíochta<br>Spéis i saincheisteanna sóisialta agus i gcúrsaí reatha | Feabhas a chur ar a cuid grád i ngach ábhar scrúdaithe<br>Pointí a fháil le haghaidh iontráil neamhchaighdeánach i gcoláiste<br>Obair bhaile chríochnaithe a sholáthar laistigh den tréimhse chuí<br>Scileanna staidéir a fhoghlaim<br>Plean um aistriú a dhéanamh<br>Tuiscint a fháil ar a nearta agus ar a difríocht trí bheith páirteach i gcomhairleoireacht.<br>Feabhas a chur ar a scileanna cumarsáide sóisialta |
| **Príomhriachtanais Foghlama:** Scileanna staidéir; Scileanna cumarsáide sóisialta (obair bhuíne agus glacadh peirspictíochtaí); Plean aistrithe; Féinfheasacht trí chomhairleoireacht. | |

# Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)

| Spriocanna | Straitéisí | Cé na daoine a chabhróidh | Dátaí Tosaigh/ Athbhreithnithe Dul chun cinn |
|---|---|---|---|
| **Scileanna Staidéir:**<br>Seo mar a dhéanfaidh mé:<br>Déanfaidh mé plean bainistíochta ama | Roghnóidh mé ábhair ón dialann obair bhaile, cuirfidh mé am i leataobh dóibh agus déanfaidh mé taifead de ar an bpleanálaí. Cuirfidh mé foclóir agus gramadach (Gaeilge & Fraincis) sa chéad áit agus féachfaidh mé siar orthu ag an deireadh. | Iníon Uí Cheallaigh (CGC) | Tosaigh Eanáir Seachtain 2<br>Athbhreithniú seachtainiúil |
| Freastalóidh mé ar staidéar faoi mhaoirseacht ceithre thráthnóna sa tseachtain | Féachfaidh mé ar an bpleanálaí; bainfidh mé úsáid as SQ3R; léifidh mé an téacs, cuirfidh mé líne faoi na príomhphointí, déanfaidh mé taifead ar mheabhairmhapa (le bogearraí); críochnóidh mé obair bhaile scríofa; féachfaidh mé ar cheisteanna scrúdaithe oiriúnacha | An tUasal Tóibín (Múinteoir Tacaíochta - An Clár Críochnaithe Scoile) | Tosaigh Eanáir Seachtain 2<br>Athbhreithniú seachtainiúil |
| **<u>Comhairleoireacht:</u>**<br>**<u>Féinfheasacht:</u>**<br>Seo an rud a dhéanfaidh mé:<br>Aithneoidh me na nearta agus na buanna a chabhróidh liom saol iomlán neamhspleách a bheith agam | Déanfaidh mé fardal; féachfaidh mé ar shlite le mo nearta agus mo dhifríochtaí a úsáid chun an gealladh atá fúm a chomhlíonadh; aithneoidh mé eiseamláirí agus pléifidh mé iad; bainfidh mé úsáid as teicnící amharcléirithe agus anála. | Iníon Uí Cheallaigh | Tosaigh Eanáir Seachtain 3<br>Athbhreithniú ag tús na Bealtaine |
| **<u>Plean Aistrithe</u>**<br>Seo mar a dhéanfaidh mé:<br>Déanfaidh mé gearrliosta de chúrsaí féideartha tríú leibhéal agus de ghairmeacha dlí | Déanfaidh mé imscrúdú ar ghairmeacha le *Careers Directions*, *Qualifax* agus suíomhanna Gréasáin eile;<br>comhlánfaidh mé an *Occupational Interests Inventory*. | Iníon Uí Cheallaigh | Tosaigh Márta Seachtain 1<br>Athbhreithniú Márta Seachtain 4 |
| Casfaidh mé ar Joan Fleming, Oifigeach Míchumais, Institiúid Teicneolaíochta | Ullmhóidh mé don chuairt trí liosta a dhéanamh de na rudaí a bheith uaim ó thaobh riachtanais iontrála neamhchaighdeánacha, tacaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí foghlama.<br><br>Tar éis na cuairte, déanfaidh mé liosta de na riachtanais iontrála; aithneoidh mé ábhair mar a bhféadfainn pointí a ghnóthú; pléifidh mé na roghanna; socróidh mé spriocanna chun na gráid atá uaim a ghnóthú in ábhair na hArdteistiméireachta. | Cabhróidh Iníon Uí Cheallaigh liom é a ullmhú. Beidh mo mháthair in éineacht liom ar an gcuairt.<br><br>Iníon Uí Cheallaigh | Tosaigh an chéad seachtain tar éis Shaoire na Cásca<br>Athbhreithniú ag tús na Bealtaine |
| **Scileanna Cumarsáide Sóisialta**<br>Seo mar a dhéanfaidh mé:<br>Airgead a bhailiú ar son Trócaire mar bhall d'fhoireann ón rang Reiligiúin. An obair sin a phleanáil agus a eagrú roimh ré i gcomhar leis an bhfoireann. | Beidh mé páirteach i gcleachtaí forbartha foirne; aithneoidh mé agus scrúdóidh mé na tréithe atá riachtanach d'obair bhuíne, róil agus freagrachtaí baill foirne. | Iníon de Búrca (Múinteoir acmhainne)<br>Iníon Uí Bhriain (Múinteoir reiligiúin) | Tús: Feabhra Seachtain 2<br>Athbhreithniú: Márta Seachtain 4 |
| Éistfidh mé le tuairimí daoine eile agus tabharfaidh mé aird orthu agus díospóireacht mar gheall ar cheisteanna ceartais sóisialta ar siúl sa rang Reiligiúin. | Cabhróidh mé chun póstaeir a dhéanamh; ullmhóidh mé cur i láthair PowerPoint do dhaltaí chéad bhliana; eagróidh mé plé-ghrúpaí chéad bhliana agus quiz do dhaltaí dara bliana.<br><br>Rólghlacadh:<br>pléifidh mé conas bheith páirteach i ndíospóireachtaí agus conas sealaíocht a dhéanamh; déanfaidh mé liosta de na rialacha. | Iníon de Búrca<br>Iníon Uí Bhriain | Tús: Márta Seachtain 2<br>Athbhreithniú: Bealtaine Seachtain 2 |

# Cás-Staidéar

## 4.3 Cás-Staidéar - Seán (riachtanais atá ag teacht chun cinn)

Dalta is ea Seán a bhfuil a chuid riachtanas ag teacht chun cinn. Mar sin le linn a thréimhse scoile d'aistrigh sé ón gclár Tacaíocht do CHÁCH go dtí Tacaíocht Scoile agus ar deireadh go dtí Tacaíocht Scoile Móide. Seo achoimre ghearr ar stair Sheáin.

### 4.3.1 Achoimre ar an stair thacaíochta

Bhain Seán leas as Tacaíocht do CHÁCH. Seo na rudaí a bhí i gceist sa chlár sin:

- Clár ionduchtúchain do dhaltaí chéad bhliana
- Comhairliú le bunscoil Sheáin mar gheall ar a aistriú go dtí an iar-bhunscoil
- Clár ionduchtúcháin do thuismitheoirí daltaí chéad bhliana maidir le Teagmháil idir Baile, Scoil agus Pobal.
- Scagadh ar dhaltaí nua
- Scagadh iompraíochta sa chéad bhliain
- Comhlánú an tSeicliosta Thimpeallacht Foghlama, Roinn A

**Tábla 1: Sonraí ó Scagadh ar Dhaltaí Chéad Bhliana**

| Ainm | DB | CA | Bl | NRIT | GRT | VMT | SWST |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | SS Cent | SS Cent | SS Cent | SS Cent |
| Seán | 8.10.95 | 12 bl | 1ú | 93, 32ú | 84, 15ú | 92, 30ú | 72, 3ú |

Scagadh Iompraíochta, déanta i nDeireadh Fómhair na Chéad Bhliana: I mBaol

Tháinig sé chun solais sa scagadh seo go raibh riachtanais foghlama agus iompraíochta ag scata daltaí, Seán ina measc. Ar na hidirghabhálacha a ceapadh chun na riachtanais sin a chomhlíonadh bhí:

- Oiliúint inseirbhíse don fhoireann uile ar conas difreáil a dhéanamh
- Athbhreithniú na foirne uile ar dhuaiseanna agus ar phionóis maidir le hobair bhaile
- Córas duaiseanna a chur i bhfeidhm chun dea-thinreamh a spreagadh
- Litir mheabhrúcháin do thuismitheoirí mar gheall ar an gcineál iompraíochta a mbíonn súil léi (tinreamh agus obair bhaile) agus na duaiseanna agus na pionóis atá i bhfeidhm.

Bhí Seán ar áireamh i b**plean tacaíochta grúpa**. Seo a leanas na straitéisí a úsáideadh:

- plean suí a bheith ann
- rialacha ranga a mhúineadh go soiléir
- gnáthaimh a bheith ann chun freastal ar thacaíocht foghlama (nár bhain le Seán), slí aontaithe chun fillteáin oibre in ábhair ar leith a stóráil

# Cás-Staidéar

**Achoimre ar Thacaíocht Scoile**

Ag tús na dara bliana cuireadh Seán chuig an bhfoireann tacaíochta foghlama toisc a obair scríofa a bheith ina údar imní. Tairgeadh tacaíocht foghlama dó. Lena chois sin, bhreithnigh an fhoireann tacaíochta raon údar imní. Socraíodh go n-úsáidfeadh gach múinteoir moladh agus teicnící athneartaithe agus ceapadh múinteoir meantóireachta, an tUasal Ó Murchú. Ach sula bhféadfaí ina próisis sin a thabhairt chun críche, ghéaraigh ar dheacrachtaí iompraíochta Sheáin agus b'éigean tacaíochtaí aonair níos speisialaithe a chur i bhfeidhm.

## 4.3.2 An t-údar imní a aithint agus eolas a bhailiú

Cé go raibh Seán ag freagairt do straitéisí tinrimh agus eagar oibre, bhí a chuid iompraíochta ag éirí níos dúshlánaí don fhoireann an t-am ar fad. Aistríodh Seán go Tacaíocht Scoile Móide dá éis sin, toisc é a bheith curtha ar fionraí cúig huaire as a chéile. Labhair sé le múinteoirí go bagrach maslach, leag sé troscán agus leabhair agus d'imigh as an scoil go feargach.

Seo an t-eolas breise a bailíodh:

- Bhailigh an Ceann Bliana eolas níos mionsonraithe mar gheall ar iompraíocht Sheáin ó gach múinteoir ábhair, tríd an Suirbhé ar Mhúinteoirí Ábhair. Chabhraigh sé sin chun deacrachtaí Sheáin a aithint, agus na rudaí a bhí á dhéanamh go maith aige a aithint, leis.
- Iarradh ionchur gairmiúil breise ó shíceolaí NEPS, ag tosú le seisiún comhairliúcháin sa scoil. Rinne an síceolaí roinnt moltaí mar gheall ar idirghabhálacha a d'fhéadfaí a dhéanamh i réimse na hiompraíochta.
- Chuaigh foireann na scoile i gcomhairle le tuismitheoirí Sheáin.
- Rinne an Ceann Bliana agallamh mionsonraithe le Seán féachaint cén fáth a raibh a chuid iompraíochta chomh hionsaitheach sin, le *Mé Féin i m'Fhoghlaimeoir* mar threoir.

(Atáirgtear sampla de Shuirbhé na Múinteoirí Ábhair agus cóip den leathanach *Mé Féin i m'Fhoghlaimeoir* sna leathanaigh seo a leanas. Gheofar cóipeanna díobh sa **bheart acmhainní,** mar theimpléid bhána, féach lgh. 29 agus 30-31).

# Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)

## Suirbhé ar Mhúinteoirí Ábhair (do dhaltaí a bhfuil riachtanais foghlama agus iompraíochta acu)

| Dalta | Múinteoir | Ábhar |
|---|---|---|
| *Seán Mac Craith* | *Iníon Uí Dhúill* | *Stair* |

Roinn í seo ina dtaifeadfar rudaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas foghlama an dalta. Iarrtar ort ciorcal a chur timpeall uimhreacha ionas gur féidir comparáid a dhéanamh thar thréimhse ama.

| Réimse Imní | Critéir Scórála | Ráitis |
|---|---|---|
| Dearcadh i leith na foirne | Diúltach ----------Dearfach agus cuí<br>1 **(2)** 3 4 5 6 | *Bíonn Seán drochbhéasach agus ní éisteann sé le héinne. Tagann fearg air go tapa nuair a cheartaítear é.* |
| Comhar le piaraí | Ní féidir leis/léi rudaí a roinnt le daoine eile -------------Baineann taitneamh as súgradh /obair ghrúpa<br>1 2 3 **(4)** 5 6 | *Is maith leis bheith ag obair le daltaí eile, ach ní mór súil ghéar a choimeád air* |
| Inspreagadh | Fíorbheagán tugann --------------------Féin-spreagadh inspreagtha<br>1 **(2)** 3 4 5 6 | *Ní chuireann sé spéis dá laghad san ábhar seo* |
| Rannpháirtíocht agus freagairt ó bhéal | Deoranta nó cúthaileach -------------- Fonnmhar a bheith rannpháirteach<br>1 2 3 **(4)** 5 6 | |
| Fonnmhar i leith obair scríofa | Is annamh a bhíonn fonn oibre air/uirthi----------- Oibríonn go dian bródúil as a c(h)uid oibre<br>1 2 **(3)** 4 5 6 | *Cóipeálann sé obair daltaí eile* |
| Cur i láthair na hoibre | Is beag aire a thugtar don obair ------------------- Bródúil i gcónaí as as a c(h)uid oibre<br>1 2 **(3)** 4 5 6 | |
| Ag leanúint treoracha ó bhéal | Bíonn treoir bhreise de dhíth -------------------- Obair neamhspleách ar a c(h)umas<br>1 **(2)** 3 4 5 6 | *Tugann sé neamhaird ar threoracha agus éiríonn sé ionsaitheach má cheartaítear é* |
| Ag leanúint treoracha scríofa | Ní thig/léi obair aonair a dhéanamh ------------------ Tig leis/léi obair aonair a dhéanamh<br>1 2 3 4 **(5)** 6 | *Tá cumas ann nach ní bhíonn fonn oibre air* |
| Méid an ghrúpa ag teastáil | Caidreamh duine le duine de dhíth i gcónaí -------------- Feidhmíonn sé/sí i ngrúpa ar bith<br>1 **(2)** 3 4 5 6 | |
| Iompraíocht sa rang | Cuireann sé/sí isteach ar gach ceacht, nach mór ------------------ Ní chuireann sé/sí isteach riamh ar cheacht<br>1 **(2)** 3 4 5 6 | *Cuireann sé isteach go mór ar an rang Uaireanta ní féidir leanúint ar aghaidh leis an gceacht* |
| Dul chun cinn ginearálta | Dul chun cinn ar bith ------------- Scileanna/Eolas ag méadú<br>1 2 **(3)** 4 5 6 | |
| Cruthaitheacht agus nuáil | Fíorbheag samhlaíochta á léiriú ------------------- Cruthaitheach agus nuálach<br>1 2 3 **(4)** 5 6 | |
| Borb i leith na foirne agus piaraí — Teanntásach agus cothrom — Éighníomhach<br>**(1)** 2 3 4 5 6 | | *Ní bhíonn sé ionsaitheach lena phiaraí, ach tá sé an-mhaslach liomsa agus tugann sé mo dhúshlán an t-am ar fad* |
| Taghdanna / Pusacht — Déileálann le teip go cuí — In ísle brí agus deoranta<br>1 **(2)** 3 4 5 6 | | *Ní féidir leis glacadh le ceartú* |

Seol ar ais chuig: Mr Phelan Roimh: Dé hAoine 9 Samhain

## Cás-Staidéar

**Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil - Seicliosta**

AINM Seán RANG 2J DÁTA Deireadh Fómhair 2009

| |
|---|
| Seo iad na rudaí is fearr liom ar scoil:<br>*Corpoideachas, am sosa, am dul abhaile* |
| Seo iad na rudaí nach maith liom ar scoil:<br>*Obair leadránach, go háirithe reiligiún agus staidéar gnó* |
| Seo iad na rudaí a bhfuilim go maith acu:<br>*Faic* |
| Seo iad na rudaí atá deacair orm:<br>*Mata, stair agus staidéar gnó* |
| Bím sona sa rang nuair:<br>*A bhíonn an freagra ar eolas agam A bhíonn mo chuid oibre ar fad ceart* |
| Bím sona i gcaitheamh am sosa agus am lóin nuair:<br>*a bhím le mo chairde, agus nuair a théimid go dtí an siopa agus nuair a bhímid ag gáire* |
| Seo iad mo chairde:<br>*Paul, Declan, Hassan agus mo chairde san Idirbhliain Kyle agus Jamie* |
| Bíonn cabhair ag teastáil uaim le:<br>*Codáin agus obair bhaile* |
| D'fhéadfadh múinteoirí cabhrú liom trí:<br>*An obair a mhíniú A bhfuil le déanamh a thaispeáint dom. Gan an oiread sin obair bhaile a thabhairt!* |
| Seo a déarfadh na múinteoirí fúm:<br>*Dána Pleidhce.* |
| Seo a déarfadh mo thuismitheoirí fúm:<br>*Níl a fhios agam* |

## Cás-Staidéar

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur má tá deacracht mhothúchánach nó iompraíochta ag an dalta ar scoil:

| |
|---|
| Seo iad na daoine fásta is mó a réitím leo sa scoil:<br>*An tUasal Ó Dálaigh agus Iníon Uí Shé* |
| Bím i dtrioblóid ar scoil nuair:<br>*A bhíonn múinteoirí ag gearán faoi mo chuid oibre agus ag tabhairt íde béil dom.* |
| Seo iad na rudaí a dhéanaim a chuireann díomá ar mo mhúinteoirí:<br>*Nuair a bhím  drochmhúinte, nuair nach ndéanaim mo chuid oibre, nuair a bhím ag pleidhcíocht agus ag tabhairt aisfhreagraí.* |
| Seo iad na rudaí a dhéanann mo mhúinteoirí a chuireann díomá ormsa:<br>*Nuair nach míníonn siad rudaí, nuair a thugann siad íde béil dom, nuair a bhíonn siad ag béicíl* |
| Seo iad na rudaí a dhéanaim a chuireann áthas ar mo mhúinteoirí:<br>*Ní tharlaíonn sé riamh* |
| Seo iad na rudaí a dhéanann mo mhúinteoirí a chuireann áthas orm:<br>*Nuair a chabhraíonn siad liom leis an obair nó nuair nach ndíríonn siad orm* |
| Seo iad rialacha an ranga:<br>*Déan do chuid oibre agus iompair tú féin i gceart. Ná gortaigh duine ar bith.* |
| Má bhriseann duine ar bith riail:<br>*Bíonn siad i dtrioblóid le Bean Uí Bhroin agus cuirtear ar fionraí iad.* |
| Seo iad na duaiseanna is mó a thaitníonn liom:<br>*Airgead, dul amach le mo chairde, obair bhaile ar bith* |
| Seo iad na rudaí nach mór dom a athrú:<br>*Gan a bheith chomh teasaí agus gan caint mhaslach a úsáid agus imeacht liom. Gan a bheith i dtrioblóid le múinteoirí.* |

## Cás-Staidéar

4.3.3 Pleanáil agus idirghabháil

Toisc an iompraíocht a bheith ina húdar imní, aontaíodh IEP a chur i bhfeidhm láithreach. Ag an gcruinniú pleanála, aithníodh nearta agus spriocanna tús áite. Measadh gur plean dea-iompraíochta is fearr a d'oirfeadh do Sheán. Bhí ar gach múinteoir straitéisí áirithe a chur i bhfeidhm mar chuid den phlean. Bhí Seán bainteach leis an mhonatóireacht ar a iompraíocht, trí Leathanach Spriocanna an Dalta. Gheofar cóipeanna den IEP (Plean Iompraíochta Dearfaí) agus de Leathanach Spriocanna an Dalta ar na leathanaigh romhainn (gheofar teimpléid bhána sa **bheart acmhainní,** lgh. 54 agus 57). Mhol síceolaí NEPS úsáid a bhain as an 'Retracking Programme' (Jenny Bates, 1996), agus aontaíodh go gcuirfeadh an múinteoir tacaíochta é sin i bhfeidhm.

4.3.4 Monatóireacht agus athbhreithniú

Aontaíodh chomh maith athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh tar éis míosa. Idir an dá linn rinneadh athbhreithnithe neamhfhoirmiúla. Chas Seán ar a mheantóir gach lá chun Leathanach Spriocanna an Dalta a athbhreithniú agus chas sé ar an bPríomhoide gach Aoine.

Ag an athbhreithniú tar éis míosa, braitheadh go raibh ag éirí go maith le IEP Sheáin. Bhraith na múinteoirí gur cheart leanúint den leibhéal tacaíochta sin a sholáthar. Aontaíodh go leanfaí den phlean reatha go ceann dhá mhí eile. Gheofar cóip den Chruinniú Athbhreithnithe ar na leathanaigh seo a leanas. (Gheofar cóip bhán sa **bheart acmhainní**, lch. 55).

Aontaíodh go mba chabhair é measúnú síceolaíoch aonair ar Sheán agus rinneadh an measúnú sin sna seachtainí dá éis. Nocht an measúnú sin go bhféadfadh cosaint leanaí a bheith ina saincheist i gcás Sheáin. Shoiléirigh an measúnú leibhéal cumais ghinearálta Sheáin. Fuarthas:

- Go raibh cumas ginearálta meánach ag Seán, ach go raibh roinnt deacrachtaí foghlama aige, go háirithe i dtaca le litriú.
- Bhí laige shuntasach ar a chuimhne sheicheamhacht éisteachta, rud a rinne difríocht dá chumas treoracha ó bhéal sa seomra ranga a leanúint, agus cuimhneamh ar rudaí a bhí foghlamtha aige.
- Cháileodh Seán don tarscaoileadh litrithe agus gramadaí sa Teastas Sóisearach.

D'atreoraigh síceolaí NEPS Seán go dtí foireann chúraim shóisialta FSS agus go dtí seirbhísí cliniciúla FSS, ionas go bhféadfaí díriú ar shaincheisteanna bunúsacha a bhain le cosaint leanaí agus mothúcháin.

# Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí)

## Plean Aonair Oideachais - Leathanach Spriocanna maidir le Dea-Iompraíocht

**Ainm:** Seán **Toiliú Tuismitheoirí/Caomhnóirí faighte:** Tá _√__ Níl___

**Rang:** 2J **Tuismitheoir/í/Caomhnóir/í i láthair:** Bhí___ Ní raibh____

**An iompraíocht is údar imní:**

- Gníomhaíonn go ríogach agus go hionsaitheach, bíonn ráigeanna foréigneacha aige
- Dearcadh diúltach i leith na scoile agus na foghlama
- Iompraíocht aird-éilitheach

**Nearta an dalta:**

- Freagairt dhearfach ar mholadh
- Deisbhéalach
- Cruthaitheach

**Spriocanna Tosaíochta:**

Go mbeadh dearcadh dearfach ag Seán i leith na scoile agus caidreamh dearfach aige lena mhúinteoirí.
Go mbeadh Seán níos feasaí ar a mhothúcháin féin, ar na rudaí a spreagann iad agus ar na cineálacha freagairtí a thugann sé i staideanna éagsúla
Go mbeadh níos mó féinmhuiníne ag Seán, agus féiníomhá dhearfach, rud a laghdódh a iompraíocht aird-éilitheach

| **Spriocanna:** | **Straitéisí:** |
|---|---|
| **1** Go mbeadh Seán in ann labhairt faoi neart/ghnóthachtáil amháin Go mbeadh Seán in ann a nearta agus a inniúlachtaí a aithint<br><br>**2** Go mbeadh Seán in ann glacadh le moladh/le haiseolas dearfach ó mhúinteoirí<br><br>**3** Nach mbeadh aon ráig ionsaitheach ag Seán/nach gcuirfí ar fionraí é sna chéad cheithre seachtain eile<br><br>**4**. Go mbeadh Seán in ann na smaointe agus na mothúcháin a spreagann a chuid feirge a aithint | Leathanach Spriocanna an Dalta – úsáidfear é seo le Seán sa chéad mhí eile. Iarrfar ar mhúinteoirí iompraíocht Sheáin a rátáil agus gan ach rudaí dearfacha nó faic a scríobh. Leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé duais a bhronnadh as feabhas ar bith a dhéanfaí.<br>Mholfadh na múinteoirí Seán agus d'úsáidfidís an cur chuige 'mol ag an bpointe feidhmíochta'<br>Meantóir: phléifeadh sé iompraíocht Sheáin leis gach lá.<br>Féinmheasúnú agus measúnú comhroinnte – i.e. úsáid a bhaint as ráitis an mhúinteora ar chárta tuairisce agus féinmheasúnú Sheáin ar a iompraíocht féin<br>Bheadh cruinniú foirmiúil idir Seán agus an Príomhoide gach tráthnóna Dé hAoine as seo go deireadh an téarma chun dul chun cinn na seachtaine a phlé.<br>Chuirfí glao gutháin ar na tuismitheoirí ag cruinniú amháin as gach trí chruinniú le haiseolas dearfach ar leith i dtaobh Sheáin<br>Choimeádfadh an Múinteoir Tacaíochta Foghlama taifead cáilíochtúil d'iompraíocht dhearfach a tugadh faoi deara.<br>Retracking programme (1996, Jenny Bates). Tairgfidh an múinteoir acmhainne seisiúin seachtainiúla aonair do Sheán. |

| | **Dáta:** | **Dáta an Athbhreithnithe:** |
|---|---|---|
| **Síniú an dalta:**<br><br>**Síniú Tuismitheora/Tuismitheoirí/Caomhnóra/Caomhnóirí:**<br><br>**Síniú an mhúinteora chomhordaithe:** | | |

# Cás-Staidéar

## Leathanach Spriocanna an Dalta

Ainm: Seán Mac Craith     Rang: 2J     Dáta:

Is iad na 3 sprioc atá agam:

1. A rá cad iad na rudaí a bhfuilim go maith acu
2. É a thabhairt faoi deara nuair atá fearg ag teacht orm agus stop a chur leis
3. Bheidh dea-mhúinte leis na múinteoirí

Síniú an dalta: ________________________________

Síniú an mhúinteora chomhordaithe: ________________________________

| Iarrtar ar mhúinteoirí dul chun cinn an dalta i leith na spriocanna a léiriú, agus rud éigin dearfach a rá áit ar bith is féidir. | | | | | | M = go maith, laistigh den sprioc<br>S = de réir sprice<br>S - = an sprioc bainte amach, nach mór<br>D = deacrachtaí móra |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tréimhse ranga | M | S | S - | D | Síniú an Mhúinteora: | Ráiteas Dearfach: |
| 1 | x | | | | | *An-iarracht déanta* |
| 2 | x | | | | | |
| 3 | | x | | | | |
| 4 | | x | | | | *Chabhraigh sé le dalta nua* |
| 5 | | | x | | | |
| 6 | x | | | | | |
| 7 | | x | | | | *An-tapa ag déanamh roinnt fhada inniu. Maith thú!* |
| 8 | | | x | | | |
| 9 | | x | | | | |
| 10 | | x | | | | |

## IEP (Dea-Iompraíocht) - Cruinniú Athbhreithnithe. Dáta:

**I láthair:**

Dalta: Seán

Tuismitheoir/í/Caomhnóir/í: Bean Mhic Craith

Múinteoir: Iníon Uí Shé (tacaíocht foghlama) An tUasal Ó Faoláin (Ceann Bliana)

| Príomhspriocanna | Dul chun cinn |
|---|---|
| **1 Labhairt mar gheall ar nearta / ghnóthachtáil** | *Dúradh roinnt rudaí dearfacha mar gheall ar Sheán, rudaí a thabharfadh misneach dó, agus d'aithin sé gur éirigh leis sa rang Corpoideachais, sa rang Béarla agus sa rang Eolaíochta.* |
| **2 Glacadh le moladh** | *Tá ag éirí go maith le Seán sna cruinnithe lena mheantóir agus sna cruinnithe gach Aoine leis an bPríomhoide.* |
| **3 Na rudaí a spreagann a fhearg a aithint** | *Tá cuid de na ranna is tábhachtaí in 'Retracking' déanta ag Seán agus tá tuiscint níos fearr aige ar cé na rudaí a spreagann fearg ann (smaointe chomh maith le mothú coirp). Tá ag éirí i bhfad níos fearr leis* |

**Tuairim an dalta ar cé na nithe ar éirigh leo:**
*Is dóigh le Seán go bhfuil feabhas ar an scéal toisc nár cuireadh ar fionraí é ach uair amháin (fionraí inmheánach) agus toisc go bhfuil a mháthair sásta leis.*

**Tuairim Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) ar cé na nithe ar éirigh leo:**
*Tá Bean Mhic Craith an-sásta le hiarrachtaí na scoile chun cabhrú le Seán. Braitheann sí gur chabhair mhór ab ea leathanach spriocanna an dalta agus bhí áthas uirthi gur chuir an Príomhoide glao uirthi.*

**Tuairim an mhúinteora ar cé na nithe ar éirigh leo:**
*Braitheann an tUasal Ó Dálaigh gur mór an chabhair é an Retracking Programme agus ba mhaith leis leanúint den obair seo le Seán (agus le dalta eile).*

**Toradh an Athbhreithnithe:**
Chun leanúint ar aghaidh leis na spriocanna céanna:: **Tá**/Níl
Spriocanna nua a cheapadh? Tá/**Níl**
Spriocanna bainte amach? **Tá**/Níl *dul chun maith á dhéanamh, ní mór é a choimeád*

**Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile:**

| Síniú an dalta: | Dáta: |
|---|---|
| **Tuismitheoir/í/Caomhnóir/í:** | |
| **Síniú an mhúinteora chomhordaithe:** | |

## Cás-Staidéar

4.3.5 Creat ar Mhaithe le Réiteach

### Creat ar Mhaithe le Réiteach

| | |
|---|---|
| *Cad é an t-údar imní? Cad iad na rudaí is bonn don údar imní?*<br>• Tuairiscítear go mbíonn Seán ríogach agus ionsaitheach, agus go mbíonn ráigeanna foréigneacha aige. Bíonn aird á éileamh aige agus tá dearcadh diúltach aige i leith na scoile<br>• Bailíodh eolas cheana féin ar leibhéil Thacaíocht do CHÁCH agus Tacaíocht Scoile<br>• Bailíodh eolas breise trí chóras taifeadta na scoile uile maidir le haraíonacht, lena n-áirítear cúig theagmhas thromchúiseacha agus cúig ócáid inar cuireadh ar fionraí é<br>• Chuir an Ceann Bliana Seán faoi agallamh agus chomhlánaigh sé *Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil*<br>• Bailíodh eolas ó na múinteoirí ábhair, tríd an Suirbhé do Mhúinteoirí Ábhair<br>• Chuaigh foireann na scoile i gcomhairle le tuismitheoirí Sheáin | Údar imní a aithint & eolas a bhailiú |
| *Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí leo? & Conas is féidir linn cabhrú?*<br>• Rinneadh idirghabhálacha, lena n-áirítear atreorú chuig síceolaí NEPS, a chomhairligh mar gheall ar straitéisí idirghabhála<br>• Ceapadh plean dea-iompraíochta (IEP) agus tugadh Leathanach Spriocanna an Dalta do Sheán chun monatóireacht a dhéanamh ar a chuid iompraíochta<br>• Fuair sé tacaíocht aonair gach seachtain ón múinteoir acmhainne agus cuireadh an Retracking Programme i bhfeidhm<br>• Cuireadh teagmháil ar siúl idir an baile agus an scoil<br>• Rinne meantóir agus príomhoide na scoile araon monatóireacht ar dhul chun cinn Sheáin | Pleanáil agus idirghabháil |
| *Ar oibrigh sé? Cad é an chéad rud eile is gá a dhéanamh?*<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chás Sheáin laistigh de mhí, i ngeall ar a thromchúisí a bhí a dheacrachtaí<br>• D'éirigh iompraíocht Sheáin níos cobhsaí, cé gur braitheadh nár mhiste leanúint den tacaíocht leanúnach<br>• Déanfar measúnú síceolaíoch ar Sheán agus úsáidfear na cinntí mar bhonn leis an gcéad tréimhse phleanála eile<br>• Aithníodh ag an gcruinniú athbhreithnithe nár mhór teagmháil a dhéanamh le rannóg obair shóisialta FSS<br>• Leanfar den phlean iompraíochta a chur i bhfeidhm go dtí deireadh an téarma, tráth a ndéanfar athbhreithniú eile air | Monatóireacht agus athbhreithniú |

# Conclúid

Déantar cur síos sa leanúntas tacaíochta seo ar phróiseas trínar féidir le scoileanna riachtanas gach dalta a chomhlíonadh, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Bunaíodh an Leanúntas ar phrionsabail na foghlama éifeachtaí do chách, agus ar chur chuige coisctheach, luath-idirghabhála. Ar an gcúis sin, tugtar aird ar leith ar an gcéim Tacaíocht do CHÁCH, ar a n-áirítear scagadh scoile uile, monatóireacht ar dhul chun cinn daltaí agus leas a bhaint as idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise.

Tógann an Leanúntas ar an dea-chleachtas atá i réim cheana féin i mórchuid iar-bhunscoileanna agus féachann sé le samplaí de chleachtas cruthaitheach agus machnamhach a chomhroinnt. Cé go gcuirtear an doiciméad seo i láthair mar threoirlínte chomhtháite lena n-úsáid sna scoileanna, níor bunaíodh é ar shamhail nó ar thaithí aon scoile ar leith, ach ar an iliomad samplaí de scothchleachtas a thugann síceolaithe NEPS faoi deara ina gcuid oibre leis na scoileanna. Mar sin, is mian linn ár mbuíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na daltaí a chabhraigh ar iliomad bealaí chun na treoirlínte seo a chur i dtoll a chéile.

Ceapadh an creat ar mhaith le réiteach chun slí chórasach a thabhairt do scoileanna chun riachtanais a aithint, idirghabhálacha a phleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Is féidir an creat sin a chur i bhfeidhm mar fhreagairt chórasach scoile uile nó mar fhreagairt ar ghrúpa daltaí nó ar dhaltaí aonair.

Táthar ag súil go gcabhróidh an treoir seo le scoileanna agus go mbainfidh siad leas as na hábhair agus na moltaí éagsúla atá ar fáil sa bheart acmhainní. Bainfidh múinteoirí leas as a saineolas agus a mbreithiúnas gairmiúil chun cinneadh a dhéanamh conas is fearr gnéithe den Leanúntas a chur i bhfeidhm ina gcomhthéacs féin.

De réir mar a athraíonn cúinsí oideachais, geilleagracha agus sóisialta is amhlaidh go mbeidh sé riachtanach an doiciméad seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Mar sin, cé go bhfuil sé foilsithe san fhoirm seo, beidh sé ar fáil ar an láithreán Gréasáin ag; www.education.ie. Déanfar athbhreithniú ar an leagan leictreonach sin agus tabharfar cothrom le dáta é, mar is cuí.

## Gluais Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| CAT 3 | Cognitive Abilities Test (third edition) |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| DES | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| EAL | An Béarla mar Theanga Bhreise |
| EPSEN | An tAcht um Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004 |
| ESRI | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GRT | Grúpthriail Léitheoireachta |
| HSCLT | Múinteoir Teagmhála Baile Scoile agus Pobail |
| IEP | Plean Oideachais Aonair |
| IPLP | Próifíl Aonair agus Plean Foghlama |
| TSCS | An Teastas Sóisearach – Clár Scoile |
| LCA | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LCVP | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LEC | Seicliosta Thimpeallacht Foghlama |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NEWB | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais |
| NRIT | Triail Léitheoireachta Neamhléitheoireachta |
| SEN | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SENO | Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| SNA | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| SWST | Triail Litrithe Aon Fhocail (SWST) |
| VMT | Triail Mata Vernon (VMT) |
| WRAT 4 | Wide Range Achievement Test- fourth edition |

Ajmal, Y. & Rees, I. (2004) *Solutions in Schools*. London: BT Press.

Barkley, R.A. (2006) *Attention Deficit Hyperactivity Disorder: A handbook for diagnosis and treatment* (3rd edition) New York: Guilfort Press.

Bates, J. (1996) *Retracking, A photocopiable resource pack aimed at promoting student effectiveness*. Essex Co Council. South Devon Psychological Service.

Bradbury, S. (2004) The Use of Pastoral Support Programmes within Schools, *Educational Psychology in Practice*, Vol 20 (4) p303-318.

Brooks, R. (2002) in Brock, S., Lazarus, P. and Jimerson, S. (eds) *Best practices in School Crisis Prevention and Intervention*, Bethesda, MD: NASP Publications.

Burns, M. & Coolong-Chaffin, M. (2006) Response to Intervention: The Role of and Effect on School Psychology, *School Psychology Forum: Research in Practice.* Vol 1 (1), p3-15.

Byrne, D. and Smyth, E. (2010) *No Way Back? The Dynamics of Early School Leaving*, Published by the ERSI and DES.

Canter, A. (2004) A problem-solving model for improving student achievement, *Principal Leadership*, National Association of Secondary School Principals, Vol 5, (4).

Canter, A., Klotz, M.B. & Cowan, K. (2008) Response to intervention, The Future for Secondary Schools. *Principal Leadership*, National Association of Secondary School Principals, February 2008, p12-15.

Caskey, M.M., & Anfara, V.A., Jr. (2007) *Research summary: Young adolescents' developmental characteristics*. Retrieved 23.09.08, from http:/www.nmsa.org/Research/researchSummaries/DevelopmentalCharacteristics/tabid/1414/Default.aspx.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002*) Treoirlínte ar Oideachas Taistealaithe i Scoileanna Dara Leibhéal,* Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005) *An Imlitir Oideachais Speisialta 02/05,* Baile Átha Luain: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Department of Education and Science (2006) *School Matters: The Report of the Task Force on Student Behaviour in Second Level Schools*, Dublin: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007) *Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a Chuimsiú, Treoirlínte Iar-bhunscoile,* Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2007) *Riachtanais Speisialta Oideachais, Leanúntas Tacaíochta, Treoirlínte do Mhúinteoirí,* Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Department of Education and Science & National Educational Psychological Service (2007) *Special Educational Needs, A Continuum of Support, Resource Pack for Teachers,* Dublin: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Department of Education and Science and the Equality Authority (2005) *Schools and the Equal Status Act* (second edition), Dublin: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an tÚdarás um Chomhionannas.

Dowd, R. & Thorne, H. (2007) Developing levels of consultation in an inner London borough, *Support for Learning*, Vol 22 (1) p31-35.

Emmer, E. T. (1982) *Management Strategies in Elementary School Classrooms*. Austin, TX: Research and Development Center for Teacher Education, (ED 251 432).

Farouk, S. (2004) Group Work in Schools: A process consultation approach, *Educational Psychology in Practice*, Vol 20 (3), p207-220.

Goldstein, S. and Brooks, R. (2007) *Understanding and Managing Children's Classroom Behaviour: Creating Sustainable, Resilient Schools*, New Jersey: John Wiley and Sons.

Rialtas na hÉireann (2000) *An tAcht Leasa Oideachais, 2000*, Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Rialtas na hÉireann (2000) *An tAcht Comhionannais, 2000*, Baile Átha Cliath. Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Rialtas na hÉireann (2002) *Tuarscáil an Tascfhórsa ar Dhisléicse*, Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Rialtas na hÉireann (2004) *An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu,* 2004, Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

Hall, C. & Hornby, G. (2003) Learning to Collaborate, Working across the divide, in Hornby, G., Hall, C. & Hall E. (eds) *Counselling Pupils in Schools*. London: Routledge.

Harker, M. (2004) How to Build Solutions at Meetings, in Ajmal, Y. and Rees, I. (eds) *Solutions in Schools*, London: BT Press.

Horner, R. & Sugai, G. (2004)*School-wide Positive Behaviour Support, Implementers' Blueprint and Self-Assessment*, OSEP & Centre on Positive Behavioural Interventions and Supports, University of Oregon.

Klotz, M.B. & Canter, A. (2007) *Response to Intervention (RTI). A Primer for Parents*. National Association of School Psychologists, from www.nasponline.org.

Kottler, J. & Kottler E. (1993) *Teacher as Counselor*. Thousand Oaks, CA: Corwin Press.

Leadbetter, J. (2006) Investigating and Conceptualising the Notion of Consultation to facilitate Multi-agency work, *Educational Psychology in Practice*, Vol 22 (1), p19-31.

Lounsbury, J.H. (2000) *Understanding and Appreciating the Wonder Years*, National Middle School Association.

Mosley, J. (2005) *Important Issues relating to the Promotion of Positive Behaviour and Self-esteem in Secondary Schools*. Positive Press Ltd.

National Behaviour Support Service (2008) *Behaviour Support Classroom, Best Practice Guidelines,* Navan: An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíocht Iompraíochta.

National Council for Curriculum and Assessment (2007) *Guidelines for Teachers of Students with General Learning Disabilities*, Dublin: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

National Council for Curriculum and Assessment (2004) *Moving Up: The Experience of First year Students in Post-Primary Education- Information for schools, teachers and parents*, Dublin: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

National Council for Curriculum and Assessment (2007) *ESRI research into the experiences of students in the third year of junior cycle and in transition to senior cycle.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

National Council for Special Education (2006) *Guidelines on the Individual Education Plan Process*, Dublin: Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

National Educational Psychological Service (2004) *Working Together to make a Difference for Children,* Dublin: An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (2008) *Cód Iompraíochta a Cheapadh: Treoirlínte do Scoileanna,* Baile Átha Cliath: An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais.

OECD (2006) *Personalising Education,* (Schooling for Tomorrow series) Centre for Educational Research and Innovation, OECD Publishing.

OECD (2007) *Students with Disabilities, Learning Difficulties and Disadvantages, Policies, Statistics and Indicators.* OECD Publishing.

OECD (2009) *Creating Effective Teaching and Learning Environments. First Results from TALIS* (Teaching and Learning International Survey). OECD Publishing.

Sawka-Miller, K. & Miller, D. (2007) The Third Pillar: Linking Positive Psychology and School-Wide Positive Behaviour Support, *School Psychology Forum: Research in Practice,* Vol 2 (1) p26-38.

Turner, S., Robbins, H. and Dean, C. (1996) Developing a Model of Consultancy Practice, *Educational Psychology in Practice*, Vol 12 (2) p86-96.

Turning Points (2003) *At the Turning Point, The Young Adolescent Learner*, Boston: Centre for Collaborative Education. www.turningpts.org/guides.htm

Warren, J. S., Edmonson, H. M., Griggs, P., Lassen, S., McCart, A., Turnbull, A., & Sailor, W. (2003). *Urban applications of school-wide positive behavior support: Critical issues and lessons learned*. Journal of Positive Behavior Interventions, 5, 80–91.

Webster-Stratton, C. (2001) *The Incredible Years*.

Willms, J.D. (2003) *Student Engagement at School; A Sense of Belonging and Participation.* Results from PISA 2000. Programme for International Student Assessment. OECD Publishing.

Van Duijvenvoorde, A., Zanolie, K., Rombouts, S., Raijmakers, M. and. Crone, E. (2008) Evaluating the Negative or Valuing the Positive? Neural Mechanisms Supporting Feedback-Based Learning across Development, *Journal of Neuroscience,* 28: 9495 - 9503 ; doi:10.1523/JNEUROSCI.1485-08.2008

Gheofar sa BHEART ACMHAINNÍ a ghabhann leis seo teimpléid agus ábhair thacaíochta. Seo a leanas na nithe a gheofar sa Bheart Acmhainní:

## Timpeallachtaí Foghlama Dearfacha a Chruthú

Tuiscint ar an Ógántacht
Seicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC) a chomhlánú - Nótaí
Seicliosta Thimpeallacht Foghlama (LEC) Iar-Bhunscoile
Cairt Achomair an LEC a chomhlánú
Cairt Achomair an LEC
Plean Idirghabhála Thimpeallacht Foghlama
Rialacha dearfacha seomra ranga - samplaí
Treoracha maidir le timpeallacht dhearfach a chothú

## Eolas a Bhailiú

Athbhreithniú ar an Aistriú go dtí an Iar-bhunscoil
Sampla d'Fhoirm Toilithe Tuismitheora
Suirbhé Múinteoirí Ábhair
Mo Smaointe mar Gheall ar an Scoil - Seicliosta
Seicliosta Bailithe Eolais
Treoir don Seicliosta Bailithe Eolais
Conas ciall a bhaint as tuarascálacha síceolaíocha

## Scagadh agus Measúnú Inmheánach

Treoirlínte do Scagadh Daltaí Nua
Treoir maidir le Trialacha Diagnóiseacha/Aonair & Trialacha do na Daltaí is Sine
Scagadh le haghaidh deacrachtaí sóisialta,mothúchanacha agus iompraíochta
Creat Scagtha Iompraíochta
Foirm Scagtha Iompraíochta
Scagadh Iompraíochta: Cairt Achomair

## Pleanáil, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Plean Aonair Tacaíochta do DHAOINE ÁIRITHE
Taifead Chruinnithe na Foirne Tacaíochta
Plean Gníomhaíochta na Foirne Tacaíochta
IEP - Leathanach spriocanna dea-iompraíochta
IEP - Cruinniú um athbhreithniú dea-iompraíochta
Treoirlínte do Chruinnithe maidir le spriocanna dea-iompraíochta
Leathanach spriocanna an dalta

## Idirghabhálacha Éifeachtacha

Idirghabhálacha Éifeachtacha do Dhaltaí a bhfuil Deacrachtaí Litearthachta acu
Idirghabhálacha Éifeachtacha chun Scileanna Matamaitice a Mhúineadh
Idirghabhálacha Éifeachtacha do Dhaltaí a bhfuil Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta Acu